Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 42
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird 50
Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha
do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais 51
Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta 53
Cuntas Brabúis agus Caillteanais an Ghrúpa 58
Clár Comhardaithe an Ghrúpa 59
Máthairchlár Comhardaithe 60
Ráiteas faoi Ghnóthachan agus Caillteanas
Aitheanta Iomlána 61
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid an Ghrúpa 62
Nótaí do na Ráitis Airgeadais 63
Aguisín 95

Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Tionlacann Comhaltaí an Bhoird a dtuarascáil mar aon le ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004.

Príomhghníomhaíochtaí

Giniúint, tarchur, dáileadh agus soláthar leictreachais an phríomhghníomhaíocht ag BSL. Oibríonn an Grúpa go hidirnáisiúnta chomh maith i ngníomhaíocht gaolmhara.

Athbhreithniú ar an nGnó agus Dul chun cinn atá á Thuar

Tugtar tráchtaireacht maidir leis an gcaoi ar cruthaíodh i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2004, lena n-áirítear eolas ar imeachtaí le tamall anuas agus ar nithe atáthar a thuar, in Athbhreithniú an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh.

Toradh na Bliana

Léiríonn toradh airgeadais an Ghrúpa brabús don bhliain airgeadais, roimh dhíbhinn, dar luach €267m i gcomparáid le €249m sa bhliain 2003.

	2004 €m	2003 €m
Brabús an Ghrúpa roimh chánachas	314	302
Cánachas	(47)	(53)
Brabús na Bliana Airgeadais	**267**	**249**

Níor íocaíodh aon díbhinn eatramhach i rith na bliana 2004. Molann Comhaltaí an Bhoird go n-íoctar díbhinn chríochnaitheach de 3.91 cent in aghaidh an aonaid de stoc caipitil, suim is ionann agus €77,413, ina iomláine i leith na bliana 2004. Tá fuílleach an bhrabúis don bhliain aistrithe go dtí na cúlchistí. Deimhníodh díbhinn iomlán de 3.39 cent, suim ab ionann agus €67.118m, i leith na bliana 2003. Leagtar amach breis sonraí maidir le toradh na bliana agus toradh na bliana roimhe sin i gCuntas Brabúis agus Caillteanais an Ghrúpa agus sna nótaí atá ag gabháil leis.

Rialachas Corparáideach

Tagann BSL leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit mar a d'aontaigh an Rialtas an 2 Deireadh Fómhair 2001. Leagtar amach prionsabail maidir le rialachas corparáideach sa Chód a n-éilítear ar Bhoird na gComhlachtaí Stáit déanamh dá réir. Tagann BSL chomh maith leis na dualgais maidir le rialachas corparáideach agus réimsí eile faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

Comhlíonann BSL an méid agus ar bhonn deonach leis an gCód Cumaisc de Rialachas Corparáideach Iúil 2003.Leagtar amach Prionsabail an Dea-Rialachais agus Cód Sárchleachtais sa Chód Cumaisc. Tá ceangal ar chuideachtaí atá liostaithe ar an stocmhalartán in Éirinn tuairisc a thabhairt maidir leis an ngéilliúntas i gcás gach a bhforáiltear dó sa Chód. Is comhlacht reachtúil é BSL arna bhunú faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927 agus dá bharr sin ní bhaineann forálacha an Chóid Chumaisc le BSL. Ina dhiaidh sin féin, tacaíonn BSL le prionsabail agus le forálacha an Chóid Chumaisc agus comhlíontar gach a n-éilítear ann ach amháin:

(i) Tá BSL freagrach don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

(ii) Is faoin Rialtas ceapacháin a dhéanamh ar an mBord agus dá bharr sin, níl coiste ainmniúcháin ag BSL.

(iii) Níl Comhaltaí de chuid an Bhoird, a cheaptar ar feadh téarmaí ceithre agus cúig bhliana, faoi réir ag atoghadh ar an mBord tar éis tréimhsí nach faide ná trí bliana.

(iv) Tagann polasaithe BSL maidir le luach saothair do Chomhaltaí Feidhmeannacha an Bhoird (An Príomhfheidhmeannach) leis na "Socruithe maidir le luach saothair Phríomhfheidhmeannaigh Chomhlachtaí Tráchtála Stáit a chinneadh faoi choimirce na Roinne Fiontair Poiblí" a eisíodh i mí Iúil 1999. Ní áirítear méideanna a híocaíodh leis na ceathrar Comhaltaí Boird Oibrí mar fhostaithe de BSL sna sonraí de luach saothair Chomhaltaí Boird ar leathanach 48, ach áirítear ann méideanna a híocadh leo i dtáillí.

(v) D'fhreastail Comhalta Boird amháin de chuid na n-oibrithe ar an gCoiste Iniúchta le linn na bliana. D'fhreastail an Cathaoirleach freisin ar an gCoiste Iniúchta ar feadh tréimhse go dtí go gceapfaí comharba ar an Uasal Bernard Byrne a d'éirigh as an gCoiste nuair a ceapadh é mar Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa de chuid BSL. Tá sé i gceist don am atá le teacht gur Comhaltaí Boird neamhspleácha neamhfheidhmeacha a bheidh i gcomhaltaí ar fad an Choiste Iniúchta.

(vi) Téann an Cathaoirleach i gcomhchomhairle go rialta le Comhaltaí Boird neamhfheidhmeannacha, ach ní trí chruinnithe fhoirmiúla.

(vii) Tá Comhaltaí Boird neamhspleácha ina bhfostaithe de chuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí creidmheasa agus seirbhísí airgeadais eile iad féin, nó trí chuideachta Grúpa, do BSL ach ní mheastar gur ionann na caidrimh ghnó sin agus a bheith ag comhghéilleadh neamhspleáchas na gComhaltaí Boird sin atá i gceist.

Prionsabail an Dea-Rialachais

Freastal ar Chruinnithe

Bhí 12 Cruinniú Boird (11 Cruinniú Ginearálta Boird agus Cruinniú Speisialta amháin) ann i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2004. Léiríonn an uimhir idir lúibíní ar aghaidh gach ainm thíos an tinreamh ag gach comhalta Boird ag Cruinnithe Ginearálta Boird agus Cruinnithe Speisialta Boird faoi seach, i rith na bliana.

Comhalta	Ginearálta / Speisialta
Tadhg O'Donoghue, Cathaoirleach	(11,1)
Joe LaCumbre, Leas-Chathaoirleach	(11,1)
Brendan Byrne*	(4, 0)
(ceapadh 1 Meán Fómhair 2004)	
Bernard Byrne*	(1,0)
(d'éirigh as oifig 8 Feabhra 2004)	
Eamonn Connolly	(11,1)
Eoin Fahy*	(10,1)
Georgina Kenny*	(11,1)
John McGinley	(11,1)
Will McKee*	(11,1)
Padraig McManus	(11,1)
Derry O'Donovan*	(11,1)
Pat Smith	(11,1)
Anne Taylor (RIP)*	(9,0)

** neamh-fheidhmeanmach*

An Bord

Siúd is go dtarmligtear freagracht ó lá go lá ó thaobh ceannaireachta agus rialú na cuideachta chuig an bPríomhfheidhmeannach agus a Fhoireann Stiúrthóirí Feidhmitheach laistigh de theorainneacha údaráis réamhshainithe tá an Bord freagrach sa deireadh thiar as feidhmíocht na cuideachta. Amhail an dhá chomhalta déag atá ar an mBord ag cur an Phríomhfheidhmeannaigh san áireamh. Ceapann an Rialtas ochtar de Chomhaltaí an Bhoird lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach ar feadh téarma cúig bliana agus ceapann an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ceathrar Comhalta Boird Oibrí ar feadh téarma ceithre bliana tar éis a dtoghadh ag an bhfoireann. Tá cinnithe ag an mBord go bhfuil an seisear Comhalta Boird neamhfheidhmitheacha atá aitheanta fós neamhspleách.

Bhreithnigh an Bord go raibh na seachtar Comhaltaí Boird neamhspleách, gan an Príomhfheidhmeannach agus na Comhaltaí Boird Oibrí atá aitheanta thuas san áireamh. Is fostaithe buana iad na ceathrar Comhaltaí Boird Oibrí agus an Príomhfheidhmeannach de BSL agus bíonn a gcuid tréimhsí fostaíochta rialaithe ag a gconradh fostaíochta leis an gcuideachta.

Tá Tadhg O'Donoghue ina Chathaoirleach ar an mBord ó Eanáir 2001. Áirítear ar a chuid freagrachtaí ceannaireacht a thabhairt don Bhord, a chlár oibre a chinneadh, a chuid éifeachtachta a chinntiú agus lánrannpháirteacht ag gach comhalta Boird a éascú. Mar Chathaoirleach tá sé freagrach freisin as cumarsáid éifeachtach le húinéirí agus le geallsealbhóirí na cuideachta a chinntiú – an tAire Airgeadais agus an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus a gcuid oifigeach agus le ESB ESOP Trustee Ltd – Employee Share Ownership Option Plan do BSL. Tá ról an Chathaoirligh, a fheidhmíonn go páirtaimseartha agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh glan ar a chéile.

Ba í Anne Taylor an Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach Neamhspleách Sinsearach. D'éirigh Bernard Byrne as oifig mar Chomhalta den Bhord i mí Feabhra 2004 agus ceapadh Brendan Byrne ina Chomhalta den Bhord i mí Meán Fómhair 2004.

Aontaíonn an Bord maidir le sceideal de chruinnithe míosúla (seachas mí Lúnasa) gach bliain agus tagann sé le chéile ar ócáidí eile chomh maith de réir mar is gá. Tá sceideal foirmiúil d'ábhair ann a choimeádtar go sonrach don Bhord d'fhonn cinneadh maidir leo ag cruinnithe Boird. Áirítear ar na príomhnithe a fhorchoimeádtar don Bhord:

- Ceadú a thabhairt do straitéis, buiséid bhliantúla agus cuntais bhliantúla agus idirthréimhseacha an Bhoird,
- Feidhmíochtaí oibre agus airgeadais a athbhreithnniú
- Ceadú a thabhairt do mhórchaiteachas caipitil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha agus bainistíocht riosca an Ghrúpa
- Athbhreithniú foriomlán ar fheidhmíocht sláinte agus sábháilteachta an Ghrúpa agus;
- Ceapadh Príomhfheidhmeannaigh, Stiúrthóirí Feidhmitheacha agus Rúnaí Cuideachta.

Tá údarás tarmligthe ag an mBord chuig an mbainistíocht do ghnáthchúrsa chinntí gnó faoi réir teorainneacha agus tairseacha sonraithe.

Is féidir le Comhaltaí an Bhoird, i mbun a gcuid dualgas dóibh, comhairle lucht gairme neamhspleách a fháil de réir mar is gá, ar chostas BSL. Tá teacht ag gach Comhalta den Bhord ar chomhairle agus ar sheirbhís ón Rúnaí. Tá clúdach árachais bunaithe chun cosaint a thabhairt do Stiúrthóirí agus d'Oifigigh in aghaidh dlilteanas ag éirí as caingne dlí ina n-aghaidh le linn a gcuid dualgas. Tá clár ionduchtaithe bunaithe le cleachtadh a thabhairt do chomhaltaí nua Boird ar oibriú an Ghrúpa.

Tugtar ráiteas airgeadais míosúil maidir leis an nGrúpa do gach Comhalta den Bhord agus cuirtear cáipéisíocht iomlán an Bhoird chuig gach comhalta seachtain roimh chruinnithe an Bhoird. Bíonn miontuairiscí gach cruinnithe de chuid fho-choistí an Bhoird, a tionóladh ó bhí an cruinniú deireanach ag an mBord, i measc cháipéisíocht an Bhoird.

Le linn 2004 rinne an Bord luacháil fhoirmiúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht na gCoistí. Roghnaigh an Cathaoirleach an próiseas trína ndéanfaí an luacháil ina ndearnadh comhaltaí Boird ceistiúcháin a líonadh go mion agus baineadh leas as comhairleoir seachtrach chun na torthaí a chur faoi bhráid an Bhoird. Rinneadh an luacháil sin chun comhlíonadh a dhéanamh chomh fada agus is féidir ar an gComhchód athbhreithnithe. Bhain an luacháil le comhfheidhmíocht an Bhoird agus ní le feidhmíochta Comhaltaí aonair an Bhoird. Coinneoidh an Bord ag athbhreithniú áfach a mhéid a bheidh luacháil ar chomhaltaí aonair an Bhoird cuí in imthosca BSL.

Coistí de chuid an Bhoird i 2004

Bunaítear coistí d'fhonn cuidiú leis an mBord a chuid dualgas a chomhlíonadh. Tá na Coistí leagtha amach thíos.

An Coiste Iniúchta

Is coiste de chuid an Bhoird atá bunaithe go foirmiúil é an Coiste Iniúchta a bhfuil téarmaí tagartha i scríbhinn aige agus triúr de chomhaltaí an Bhoird air, duine acu siúd ina Oibrí-Stiúrthóir.

Maoirseoireacht ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais agus ar chóras rialála inmheánach BSL is údar don Choiste Iniúchta. Rinne an Coiste Iniúchta athbhreithniú i rith na

bliana 2004 ar na ráitis airgeadais eatramhacha agus bhliantúla, ar an gcóras rialála inmheánach, ar thuarascálacha na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ar bhainistiú baoil agus ar pholasaithe agus ar nósanna imeachta na cistíochta. Chuir an Coiste polasaí le chéile maidir le soláthar seirbhísí seachas seirbhísí iniúchta ag na hiniúchóirí seachtracha sa chás ar shlí eile seachas mar a fhógraítear don Choiste, ba chóir go mbeadh na seirbhísí sin teoranta chuig comhairle maidir le cuntasaíocht, cánachas agus comhlíonadh agus nach rachadh táillí a d'íocfaí as seirbhísí neamhiniúchta in aon bhliain airgeadais thar tháillí iniúchta don bhliain sin. Tá rochtain neamhshrianta ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúchta. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste le linn 2004. Bhí Bernard Byrne Uasal ina chathaoirleach ar an gCoiste go 8 Feabhra 2004. Bhí an tUasal O'Donovan ina Chathaoirleach ón dáta sin go dtí deireadh na bliana. Tá an Bord sásta go raibh taithí airgeadais chuí agus úr ag a laghad Comhalta amháin den Choiste . D'fhreastail gach Comhalta ar gach cruinniú ach amháin Brendan Byrne Uasal a chaill cruinniú amháin.

Comhaltaí: Derry O'Donovan, Cathaoirleach Gníomhach
Eamonn Connolly
Brendan Byrne (ó 1 Meán Fómhair 2004)
Bernard Byrne (d'éirigh as oifig 8 Feabhra 2004)
Tadhg O'Donoghue (8 Feabhra go 31 Lúnasa 2004)

An Coiste Forbartha Gnó agus Idirnáisiúnta

Athbhreithniú ar mholtaí maidir le hinfheistíocht, trína bhféachtar lena chinntiú go bhfuil BSL ullamh le dul chun cinn san am atá ag teacht ar bhonn na straitéise atá aontaithe ag an mBord, is údar don Choiste Fhorbartha Gnó agus Idirnáisiúnta. Rinne an Coiste athbhreithniú ar chonarthaí móra maidir le hathnuachan gréasáin, infheistíocht sa phunann ghiniúint cumhachta agus infheistíocht idirnáisiúnta.

Comhaltaí: Georgina Kenny, Cathaoirleach
Eoin Fahy
Joe LaCumbre
Will McKee
Padraig McManus

An Coiste Straitéise Gnó

Monatóireacht a dhéanamh ar an gcruthú san obair agus ar bhaint amach spriocanna na straitéise corparáidí faoi mar atá aontaithe ag an mBord an t-údar atá leis an gCoiste Straitéise Gnó. I rith na bliana 2004, rinne an Coiste Straitéise Gnó athbhreithniú ar an gcaoi ar cruthaíodh i gcomparáid leis na spriocanna straitéiseacha a bhí aontaithe ag an mBord.

Comhaltaí: Joe LaCumbre, Cathaoirleach
Derry O'Donovan
Pat Smith

An Coiste Sláinte, Sábháilteachta agus Timpeallachta

Comhairle a chur ar an mBord maidir le cúrsaí sláinte, sábháilteachta agus timpeallachta an t-údar atá leis an gCoiste Sláinte, Sábháilteachta agus Timpeallachta. I rith na bliana 2004, rinne an Coiste bearta BSL d'fhonn feabhas a chur ar chúrsaí comhlíonta maidir le sábháilteacht agus an timpeallacht a mheas. Déanann sé tuairisciú maidir le timpistí ina mbíonn baill foirne, conraitheoirí agus daoine den phobal agus maidir le teacht BSL leis an reachtaíocht i réimsí na sláinte, sábháilteachta agus timpeallachta.

Comhaltaí: Pat Smith, Cathaoirleach
Padraig McManus
Anne Taylor (RIP)

An Coiste Airgeadais

Maoirseoireacht ar an straitéis agus ar an bpolasaí maidir le cúrsaí airgeadais agus comhairle a chur ar an mBord mar is cuí an t-údar atá leis an gCoiste Airgeadais. I rith na bliana 2004, rinne an Coiste Airgeadais riachtanais airgeadaithe BSL i bhfianaise na gclár mórinfheistíochta caipitil atá aige a mheas.

Comhaltaí: Tadhg O'Donoghue, Cathaoirleach
Bernard Byrne (d'éirigh as oifig 8 Feabhra 2004)
Derry O'Donovan (ó 13 Nollaig 2004)
Eoin Fahy (ó 13 Nollaig 2004)
John McGinley

Coiste Oibritheoir Chóras Tarchuir Neamhspleách

Ag teacht as Treoir 96/92 faoi Leictreachas Eorpach ón CE and faoi réir cheanglais Ionstraim Reachtúil 49 de 2000 bhunaigh an Bord coiste ar leithligh, Coiste ITSO, chun bainistiú neamhspleách a éascú ar an Oibritheoir Córais Tarchuir. Éascaíonn Coiste ITSO bainistiú neamhspleách fheidhmeanna Oibritheora an Chórais Tarchuir a bhaineann leis an ngnó Greille Náisiúnta de chuid BSL ar bhonn ceaptha dian, go dtí go n-athrófar na feidhmeanna sin chuig Eirgrid mar eintiteas neamhspleách dlí. Cheadaigh an Coimisiún do Rialáil Fuinnimh na socruithe ceaptha mar chuid den chreat oibre margaidh do thrádáil i leictreachas.

Comhaltaí: Eoin Fahy, Cathaoirleach
Derry O'Donovan

An Coiste Rialála

Maoirseoireacht ar chur le chéile agus ar chur i bhfeidhm na straitéise corparáidí maidir le reachtaíocht shíorathraitheach agus cúrsaí rialála agus maoirseoireacht ar chomhlíonadh na riachtanas reachtúil an t-údar atá leis an gCoiste seo. I rith na bliana 2004, rinne an Coiste Rialála leasuithe ar an rialáil ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal náisiúnta a mheas.

Comhaltaí: John McGinley, Cathaoirleach
Eamonn Connolly
Georgina Kenny
Anne Taylor (RIP)

An Coiste Luach Saothair agus Forbairt na Bainistíochta

Is é aidhm Choiste Luach Saothair agus Forbairt na Bainistíochta ná comhairle a chur ar an mBord maidir le gach gné de luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, aon athruithe ar luach saothair na gComhaltaí Boird Oibrí a cheadú agus an luach saothair don Ghrúpa bainistíochta feidhmiúcháin a shocrú tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach agus monatóireacht a dhéanamh ar cheannairí BSL na linne seo agus an ré atá le teacht.

I rith na bliana 2004 rinne an Coiste luach saothair agus spriocanna an Phríomhfheidhmeannaigh agus fheidhmeannaigh shinsearacha a mheas chomh maith le riachtanais forbartha bhainisteoirí sinsearacha na Cuideachta.

Comhaltaí: Tadhg O'Donoghue, Cathaoirleach
Eoin Fahy
Will McKee

Rialachas Inmheánach

Tá freagracht iomlán maidir le córas an rialachais inmheánaigh sa Ghrúpa agus maidir le monatóireacht ar a éifeachtúla is atá sé ar an mBord. Tá córas an rialachais inmheánaigh leagtha amach d'fhonn cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a thabhairt nach dtarlódh míráiteas ná cailliúint ábharach. D'fhonn an dualgas sin a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn go dtagtar leis an reachtaíocht agus leis na rialacháin, tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag an mBord a bhfuil gnásanna soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe, línte freagrachta, teorainneacha údaráis, dealú dualgas agus tarmligean údaráis ag baint leis.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtacht chóras an rialachais inmheánaigh sa Ghrúpa maidir leis an rialachas ábharach ar fad, lena n-áirítear rialachas airgeadais, oibriúcháin agus géilliúntais chomh maith le córais bhainistiú baoil. Tá creat tréan rialachais in úsáid ag BSL ina gcuimsítear gach réimse den rialachas. Tá na gnéithe seo a leanas mar chuid de chóras an rialachais inmheánaigh:

- Tá an córas bunaithe ar chód eitice a éilíonn go gcloíodh gach fostaí leis na caighdeáin eitice is airde agus iad i mbun gnó;
- Struchtúr eagrúcháin a leagtar amach go soiléir, trína sainítear teorainneacha le húdarás agus deismireachtaí tuairiscithe le leibhéil bhainistíocht níos airde agus leis an mBord a chuidíonn le timpeallacht tréan rialachais a choinneáil;
- Creat rialachais chorparáidigh lena n-áirítear anailís ar bhaol, athbhreithniú ar rialachas airgeadais agus ráitis fhoirmiúla bhliantúla maidir le rialachas ón mbainistíocht sna hAonaid Ghnó agus sa Lárionad Corparáideach. Déanann roinn an Iniúchta Inmheánaigh sa Ghrúpa, a dhéanann tuairisciú ar bhonn leanúnach leis an gCoiste Iniúchta, monatóireacht air sin;

- Punann cuimsitheach polasaithe agus nósanna imeachta maidir le rialachas oibriúcháin agus airgeadais, lena n-áirítear caiteachas caipitil. Ní mór aontú an Bhoird le haghaidh mórthograí caipitil, agus déanann Coiste Fhorbairt an Ghnó agus Ghnóthaí Idirnáisiúnta an Bhoird monatóireacht ghéar orthu sin ar bhonn leanúnach;
- Córais bhuiséid chuimsitheacha lena mbaineann buiséad bliantúil a cheadaíonn an Bord;
- Córas cuimsitheach maidir le tuairisciú airgeadais. Tuairiscítear toradh iarbhír carnach na míonna ar fad i gcomparáid leis an mbuiséad agus déanann an Bord iad a mheas ar bhonn míosúil. Fiosraíonn an Bord aon athruithe suntasacha nó aon athraitheas codarsnach, agus déantar gníomh chun a leigheas más cuí sin;
- Ceisteanna oibriúcháin agus airgeadais a bheith á meas ag Coistí speisialta de chuid an Bhoird mar a leagtar amach ar leathanaigh 44-46, lena n-áirítear maoirseacht ag an gCoiste OCTN ar bhearta Oibritheoir Chóras Tarchuir (OCT) de chuid na hEangaí Náisiúnta.
- Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú ar bhonn eagraithe ar an rialachas sin. Cuirtear béim sna hathbhreithnithe sin ar na réimsí is mó a mbaineann baol leo de réir mar a shonraítear trí anailís ar bhaol.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, tríd an gCoiste Iniúchta, ar éifeachtacht chóras an rialachais inmheánaigh. Tá na gnéithe seo a leanas ag baint leis an bpróiseas a úsáideann an Bord agus an Coiste Iniúchta chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht chóras an rialachais inmheánaigh:

- Athbhreithniú agus meastóireacht mar gheall ar phróiseas athbhreithniú baoil gach ré ráithe;
- Tuairim chomhairleoirí neamhspleácha maidir le dóthanacht an phróiseas bhainistiú baoil atá á oibriú ag BSL ag an am;
- Athbhreithniú agus meastóireacht ar dheimhniúchán ón mbainistíocht maidir le hoibriú sásúil, éifeachtúil chórais an rialachais inmheánaigh, idir chórais airgeadais agus chórais oibriúcháin;
- Athbhreithniú ar chlár fheidhmeannas Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa agus meastóireacht ar na torthaí agus na tuairiscí. Tugann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa tuairisc go rialta maidir le stádas na gceisteanna a tarraingíodh anuas cheana de bharr a gcuid tuairiscí féin nó thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach;
- Athbhreithniú ar thuarascálacha na n-iniúchóirí seachtracha, KPMG, ina luaitear sonraí maidir le haon cheist rialachais suntasach a shonraítear le linn a gcuid oibre mar iniúchóirí.

Luach Saothair Chomhaltaí Boird Feidhmeannacha

Is é an Príomhfheidhmeannach, an tUasal Padraig McManus, an t-aon Chomhalta Boird Feidhmeannach. Socraítear an luach saothair don Phríomhfheidhmeannach taobh istigh de réimse a shocraíonn an tAire Airgeadais agus an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Socraíonn Coiste an Luach Saothair agus Fhorbairt na Bainistíochta, ar a bhfuil triúr Comhaltaí Boird Neamh-Fheidhmeannacha, an luach saothair uair in aghaidh na bliana, taobh istigh den réimse mar a luaitear thuas, agus aontaítear é ag cruinniú den Bhord.

Tá buntuarastal, bónas feidhmíochta suas le 18% den bhuntuarastal bliantúil, gné bhónais iarchurtha suas le 7%, agus carr de chuid na cuideachta in éineacht i luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh. As ucht an ról mar Chomhalta den Bhord, faigheann an Príomhfheidhmeannach táille arna shocrú ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha chomh maith. Ríomhtar na sochair aoisliúntais don Phríomhfheidhmeannach ar bhonn an bhuntuarastail amháin ag féachaint le pinsean de aon-ochtódú agus aisce de trí ochtódú den tuarastal in aghaidh gach bliain seirbhíse mar Phríomhfheidhmeannach a sholáthar ag am scoir.

Luach Saothair Chomhaltaí an Bhoird - 2004

Luach Saothair	2004 €	2003 €
Chathaoirleach Neamhfheidhmeannach:		
Tadhg O'Donoghue		
Táillí	63,487	63,487
Sochair incháinithe	2,859	-
	66,346	**63,487**
Comhaltai Boird Feidhmeannacha:		
Padraig McManus		
Pá	285,052	276,645
Pá feidhmíocht choibneasta	48,224	75,395
Sochair incháinithe	26,138	20,035
Rannióca pinsin	33,921	32,921
Táillí	12,697	12,697
	406,032	**417,693**
Comhaltai Boird Neamhfheidhmeannacha:		
Joe LaCumbre *	12,697	12,697
Brendan Byrne	4,244	-
Bernard Byrne	1,357	12,697
Eamonn Connolly *	12,697	12,697
Eoin Fahy	12,697	12,697
Georgina Kenny	12,697	12,697
John McGinley *	12,697	12,697
Will McKee	12,697	12,697
Derry O'Donovan	12,697	12,697
Pat Smith *	12,697	12,697
Anne Taylor	12,697	12,697
	119,874	**126,970**

* Sa bhreis air a dtáillí Boird, íochtar na ceathrar Comhaltaí Boird Oibrí mar fhostaithe lánaimseartha de BSL.

Luach Saothair Chomhaltaí Neamhfheidhmeannacha an Bhoird

Tugtar luach saothair do Chomhaltaí Boird a cheaptar faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 de réir fhorálacha an Achta sin. Bíonn páirt acu i scéim aoisliúntais BSL ar an mbonn céanna le fostaithe eile. Is é an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a shocraíonn luach saothair na gComhaltaí Boird Neamh-Fheidhmeannacha eile agus ní fhaigheann siadsan pinsin.

Gnóthas Reatha

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn ghnóthais reatha ós deimhin leis an mBord, tar éis dó na fiosrúcháin chuí a dhéanamh, go bhfuil dóthain acmhainní ag BSL chun leanacht ar aghaidh i mbun oibre san am atá le teacht.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (1989)

Is ceann de chroíluachanna BSL é sláinte agus sábháilteacht na foirne agus an phobail. Déanann an Grúpa monatóireacht leanúnach ar an ngéilliúntas maidir leis an Acht thuasluaite agus Rialacháin ghaolmhara trí athbhreithnithe sábháilteachta agus trí chórais fhoirmiúla maidir le hiniúchadh sábháilteachta. Déantar gníomha bearta ceartaithe sa chás go dtugtar easnamh nó easpa faoi deara. Deimhníonn na nósanna imeachta go bhfuiltear ag comhlíonadh an pholasaí, mar atá leagtha síos i bPolasaí Sábháilteachta agus i Ráiteas Sábháilteachta Ghrúpa BSL, den chuid is mó.

Bíonn cruinnithe rialta ag an bhFoireann Stiúrthóirí Feidhmeannach d'fhonn aidhmeanna agus straitéis an Ghrúpa maidir le sábháilteacht a shocrú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an obair. Déanann Coiste Sábháilteachta an Phríomhfheidhmeannaigh, chomh maith le coistí sábháilteachta na Réimsí Gnó agus coistí sábháilteachta áitiúla athbhreithniú agus plé ar chúrsaí polasaí agus ar phrionsabail maidir le sláinte agus sábháilteacht na foirne agus an phobail, pleananna agus cláir d'fhonn feabhas a chur ar an tsábháilteacht agus nithe gaolmhara eile..

Ag teacht leis an gceanglas in Alt 12 (6) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leasa ag an Obair, 1989, rinneadh measúnú ar a oiread agus a comhlíonadh Polasaí Sábháilteachta Ghrúpa BSL agus na geallúntais a leagtar amach i Ráiteas Sábháilteachta Ghrúpa BSL atá ag gabháil leis, i rith na bliana 2004. Rinneadh an mheastóireacht trí athbhreithniú foirmiúil sábháilteachta a dhéanamh ar chaighdeán an tsárchleachtais idirnáisiúnta. Fuarthas go raibh cleachtas bhainistíocht shábháilteachta ar ardchaighdeán ann agus go rabhthas ag cloí go mór le nósanna imeachta sábháilteachta tar éis do na réimsí gnó éagsúla meastóireacht a dhéanamh maidir leis na polasaithe agus na baoil a mheastar a bheith ann. Tugadh faoi deara chomh maith tríd an athbhreithniú go raibh cláir fhorghníomhacha maidir le feabhsú ar shábháilteacht agus iniúchadh sábháilteachta á gcur i bhfeidhm chomh maith le bealaí cumarsáide críochnúla a bheith ann maidir le sábháilteacht agus comhairliúchán faoi shábháilteacht le baill foirne agus a gcuid ionadaithe sábháilteachta. Foghlaimítear ceachtanna i gcónaí ó imscrúdú críochnúil ar na cúiseanna le gortuithe agus ar chásanna a dtéitear an-ghar do ghortú, agus cuirtear a bhfoghlaimítear chun sochair do chláir fheabhsú sábháilteachta i ndiaidh a chéile agus do shocrú tosaíochtaí sábháilteachta ar bhealach struchtúrtha. Foilsíodh Athbhreithniú Sábháilteachta Ghrúpa BSL 2004 mar thuarascáil ann féin agus tá sé ar fáil ach a iarraidh.

Taifid chuntasíochta

Measann Comhaltaí an Bhoird go bhfuil foireann chuntasaíochta leis an saineolas cuí fostaithe acu agus go bhfuil na hacmhainní cuí curtha ar fáil don fheidhmeannas airgeadais d'fhonn cinntiú go gcomhlíontar dualgas BSL leabhair chuntais chuí a choimeád. Coimeádtar leabhair chuntais BSL ag Sráid Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

An tAcht Toghcháin, 1997

Ní dhearna an Bord aon shíntiús polaitiúil i rith na bliana.

Cheadaigh an Bord an tuarascáil seo an 28 Meitheamh 2005 lena cur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Thar ceann an Bhoird

Tadhg O'Donoghue Cathaoirleach

Padraig McManus Príomhfheidhmeannach

28 Meitheamh 2005

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird

Ceanglaíonn na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2004 ar na Comhaltaí Boird Ráitis Airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais de réir na nAchtanna sin.

Measann Comhaltaí an Bhoird, in ullmhú na Ráiteas Airgeadais ar leathanaigh 53 go dtí 93, gur baineadh úsáid as polasaithe cuntasaíochta cuí agus gur cuireadh i bhfeidhm go seasta iad, go ndearnadh breithniúnais agus meastacháin go réasúnach agus stuama agus gur leanadh gach caighdeán cuntasaíochta a measadh a bheith infheidhme.

Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as leabhair chuntas chuí a choimeád agus as céimeanna a ghlacadh a bhíonn oscailte go réasúnach dóibh chun sócmhainní BSL agus a fhochuideachtaí a chosaint agus chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc nó a bhrath.

Ar son an Bhoird

Tadhg O'Donoghue Cathaoirleach

Padraig McManus Príomhfheidhmeannach

28 Meitheamh 2005

Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais

Mar iniúchóirí arna gceapadh ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha le toiliú an Aire Airgeadais, faoi Alt 7 den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927, tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Bhord Soláthair an Leictreachais ar leathanaigh 53 go dtí 93.

Déantar an tuarascáil seo go huile agus go hiomlán do stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, arna dhéanamh infheidhme do Bhord Soláthair an Leictreachais de bhua na Rialachán arna nglacadh aige mar na rialacháin rialaithe faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927, arna leasú leis an Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2001. Rinneadh ár n-obair iniúchta ionas go bhféadfaimis a lua le stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúchta agus chun na críche sin amháin. A mhéad is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht d'aon duine eile ach amháin Bord Soláthair an Leictreachais agus a stocshealbhóirí, mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, don tuarascáil seo nó dár dtuairimí.

Freagrachtaí faoi seach na stiúrthoirí agus na n-iniúchóirí

Tá Comhaltaí Boird Bhord Soláthair an Leictreachais freagrach as Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú. De réir mar a thuairiscítear ar leathanach 50, áirítear ansin freagracht as ráitis airgeadais a ullmhú de réir na nAchtanna Leictreachais (Soláthar), 1927 go dtí 2004 mar aon le caighdeáin chuntasaíochta. Tá ár bhfreagrachtaí, mar iniúchóirí neamhspleácha, bunaithe in Éirinn ag na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2004, an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta agus ag treoir eiticiuil ár ngairme.

Tuairiscímid daoibh ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart agus an bhfuil siad ullmhaithe de réir na nAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go dtí 2004. Luaimid freisin cibé an bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte againn a bhí riachtanach dúinn dár n-iniúchadh, cibé an bhfuil clár comhardaithe na Máthairchuideachta i gcomhréir leis na leabhair chuntas agus tuairiscímid daoibh ár dtuairim maidir le cibé ar choinnigh an Mháthairchuideachta leabhair chuntas chuí.

Athbhreithnímid, ar iarraidh ó Chomhaltaí an Bhoird, cibé (1) an léiríonn an ráiteas deonach ar leathanaigh 42 go dtí 48 an Bord a bheith ag comhlíonadh naoi gcoinníoll an Chóid Comhdhéanta atá sonraithe i gcomhair athbhreithnithe ag iniúchóirí agus (2) an léiríonn an ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh ar leathanaigh 46 agus 47 an Bord a bheith ag comhlíonadh forálacha Chód Sárchleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit atá sonraithe i gcomhair athbhreithnithe ag iniúchóirí agus tuairiscímid mura ndéanann na ráitis sin amhlaidh. Ní cheanglaítear orainn a bhreithniú cibé an gclúdaíonn ráitis an Bhoird ar chlúdach rialaithe inmheánaigh na rioscaí agus na rialuithe ar fad, nó tuairim a thabhairt ar éifeachtacht nósanna imeachta rialachais chorparáidigh an ghrúpa nó a nósanna imeachta rioscaí agus rialaithe.

Léimid an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, lena n-áirítear an ráiteas rialachais chorparáidigh, agus breithnímid cibé an bhfuil sé i gcomhréir leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach faoi aon mhíráitis dhealraitheacha nó aon neamhréireachtaí ábhartha sna ráitis airgeadais.

Bunús na tuairime iniúchta

Stiúireamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear ar iniúchadh, scrúdú, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise a bhaineann leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Áirítear ann freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinne na Comhaltaí Boird in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta cuí d'imthosca an Ghrúpa, ar cuireadh i bhfeidhm go seasta iad agus an ndearnadh nochtadh dóthanach.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun fianaise leordhóthanach a thabhairt dúinn chun deimhniú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó mírialtachta nó earráide eile. I dteacht ar ár dtuairim mheasamar freisin sásúlacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Inár dtuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid chúrsaí an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2004 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain dár chríoch sin agus is é ár dtuairim go bhfuil siad ullmhaithe i gceart de réir na nAchtanna Leictreachais (Soláthar), 1927 go dtí 2004.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte againn a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Inár dtuairim, choimeád an Mháthairchuideachta leabhair chuntas chuí lena gcomhaontaíonn clár comhardaithe na Máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2004.

KPMG

Cuntasóirí Cairte
Iniúchóirí Cláraithe
1 Plás Stokes
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

28 Meitheamh 2005

Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta

1 Bunús na cuntasaíochta

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe i Euro faoin gnás stairiúil costais.Tá siad ullmhaithe de réir na gCaighdeán Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh go Forleathean leor agus comhlíonann siad Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Bhord na gCaighdeán Cuntasaíochta. Tá na polasaithe cuntasaíochta i gcomhréir leo sin a feidhmíodh in 2003.

2 Bunús an chomhdhlúthaithe

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an ghrúpa ráitis airgeadais na máthairchuideachta agus gach ceann dá fo-ghnóthais a rinneadh suas go dtí an 31 Nollaig 2004. Tá torthaí na bhfo-ghnóthas a fuarthas nó a diúscraíodh sa tréimhse san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais ó dháta na fála nó suas go dtí dáta an diúscartha. Tá ráitis airgeadais gach fo-ghnóthais tarraingthe suas go dtí an 31 Nollaig 2004.

3 Sainmhínithe na n-earnálacha gnó

Chun críche a ráitis airgeadais reachtúla ceanglaítear ar BSL Ráiteas Chleachtas Cuntasaíochta Caighdeánach 25 “Tuairisciú Earnálach” a leanúint. Tá earnálacha sainmhínithe ag BSL de réir an chaighdeáin seo atá cuid mhór i gcomhréir leis na cuntais ar leithligh do ghiniúint, tarchuir, dáileadh agus gníomhaíochtaí soláthair faoi mar a shainmhínítear agus a nochtaítear sna Cuntais Rialaitheacha, atá curtha isteach ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF). Is mar seo a leanas na hearnálacha:

(a) Giniúint Chumhachta agus Soláthar do Chustaiméirí

Bíonn an gnó seo ag déileáil le giniúint leictreachais ó stáisiúin chumhachta an ghrúpa agus soláthairtí seachtracha leictreachais a cheannach le díol le custaiméirí, mar aon le gníomhaíochtaí billithe, bailithe agus chúram custaiméirí i bPoblacht na hÉireann.

(b) Gréasáin

Baineann an gnó gréasán le tógáil, oibríocht agus cothabháil an infrastruchtúir gréasán tarchuir agus dáilte atá riachtanach chun soláthar leictreachais ar ardchaighdeán a chinntiú do na custaiméirí leictreachais ar fad i bPoblacht na hÉireann.

(c) Fiontair Thráchtála

Tá gnó na bhFiontar Tráchtála freagrach as gnónna neamhrialaithe BSL. Áirítear Innealtóireacht, Comhchomhairleoireacht, Tógáil, Infheistiú Idirnáisiúnta, Miondíol, TE agus Teileacam, Fuinneamh Neamhspleách agus gníomhaíochtaí eile seirbhís-bhunaithe ar na príomhghníomhaíochtaí. Oibríonn an gnó ar an margadh baile agus ar an margadh idirnáisiúnta araon.

(d) Eile

Áirítear ar an earnáil seo coigeartuithe comhdhlúthaithe a bhíonn riachtanach chun torthaí grúpa a ullmhú. Áirítear ar na coigeartuithe sin díolacháin agus ceannaigh idirchuideachta a fhágáil ar lár.

4 Trádáil inmheánach agus cionroinnt laistigh de BSL

I ndréachtadh chuntais ar leithligh dá chuid gnónna, cloíonn BSL le sraith de nósanna imeachta cuntasaíochta do leithdháileadh sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais.

(a) Láimhdeachas

Ríomhtar láimhdeachas idir gnónna an ghrúpa de réir socruithe BSL do thrádáil inmheánach a fhorálann, nuair is cuí, d’aisghabháil costais nó trádáil neamhthuilleamaíoch, bunaithe ar rátaí an mhargaidh. Más infheidhme, déantar ioncam faoi réir ag rialú a ríomh de réir choinníollacha ceadúnais nó cinntí rialaitheacha is infheidhme do gach gnó.

(b) Caiteachas

Soláthraíonn gnónna grúpa BSL áirithe seirbhísí do réimsí eile den grúpa, ar nós seirbhísí TE agus forbairt, bainistiú saoráidí, teileachumarsáid chomh maith le seirbhísí roinnte agus corparáideacha eile.

Déantar na costais seirbhís-ghaolmhara seo a mhuirearú nó a leithdháileadh chuig Giniúint Chumhachta agus Soláthar Custaiméirí, Gréasáin agus Fiontair Thráchtála de réir socruithe trádála inmheánacha BSL. Bíonn sé riachtanach amanna costais grúpa áirithe agus forchostais a leithdháileadh go réasúnach chuig gach gnó.

(c) Sócmhainní agus dliteanais

Déantar ioncaim, speansais agus caiteachas caipitil a thabhaíonn gach gnó a thaifeadadh i gcuntais ar leithligh na ngnónna. Oibrítear córas trádála inmheánaí chun idirbheartaíochtaí inmheánacha idir na gnónna difriúla a léiriú. Déantar féichiúnas trádála mar thoradh ar thrádáil den sórt sin idir na gnónna inmheánacha a thaifeadadh mar iarmhéideanna féichiúnaí inmheánaigh agus creidiúnaí inmheánaigh i gcuntais gach aon ghnó de réir mar is cuí.

(d) Déileáil le hiarmhéideanna faoi bhainistiú agus rialú corparáideach

Tá roinnt iarmhéideanna agus idirbheartaíochtaí nach bhfuil inchurtha le gnónna aonair, mar go bhfuil siad faoi réir ag bainistiú agus rialú corparáideach. Áirítear ar nithe den sórt sin de ghnáth, ach níl siad teoranta chucu, míreanna de ghlaniasachtaí, cánachas, díbhinní iníoctha, ús iníoctha agus sócmhainní seasta airgeadais.

5 Sócmhainní seasta airgeadais

(a) Gnóthais chomhfhiontair agus chomhlachaithe

Is éard is gnóthais chomhfhiontair (comhfhiontair) ann ná na gnóthais sin a bhfuil rialú i gcomhar le páirtí eile ag an ngrúpa orthu.

Is éard is gnóthais chomhlachaithe (comhlaigh) ann ná na gnóthais sin a bhfuil leas rannpháirteach ag an ngrúpa sa chaipiteal cothromais agus a bhfuil sé in ann tionchar suntasach a imirt air.

Déantar cuntasaíocht ar chomhfhiontair agus ar chomhlaigh ag baint úsáide as an modh ollchothromais agus an modh cothromais faoi seach. Cuirtear cion an ghrúpa de bhrabúis lúide caillteanais na gcomhfhiontar agus na gcomhlach san áireamh sa chuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais. Cuirtear leasanna an ghrúpa ina nglansócmhainní nó dliteanais san áireamh mar shócmhainní seasta airgeadais sa chlár comhardaithe comhdhlúite ag méid a léiríonn cion an ghrúpa de luachanna córa na nglansócmhainní, lúide aon lagú, ag éadáil móide cáilmheas agus cion an ghrúpa de bhrabúis agus caillteanais coimeádta tar éis éadála.

Tógtar na méideanna a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i ndáil le brabúis iar-éadála na gcomhfhiontar agus na gcomhlach ó na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí déanta suas go dtí dáta an chláir chomhardaithe.

Taispeáintear infheistíochtaí i gcomhfhiontair agus i gcomhlaigh i gclár comhardaithe na Máthairchuideachta mar shócmhainní seasta airgeadais agus tá siad luacháilte ag costas lúide soláthairtí do laguithe i luach.

(b) Sócmhainní seasta airgeadais eile

Taispeáintear infheistíochtaí liostaithe agus neamhliostaithe ag costas lúide soláthairtí do laguithe i luach. Aithnítear ioncam ó shócmhainní seasta airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse ina bhfuil sé infhaighte. Tá nóta san áireamh maidir le luach margaidh na n-infheistíochtaí liostaithe.

6 Cáilmheas

Léiríonn Cáilmheas an bharraíocht comaoine íoctha d'éadáil na scaireanna i ngnóthais chomhlachaithe agus i gcomhfhiontair os cionn luach cóir na sócmhainní agus na ndliteanas inaitheanta. Is 20 bliain é an saol úsáideach cáilmheasa ar ghnónna comhlachaithe. Cinntear saol úsáideach trí thagairt don tréimhse ina bhfuiltear ag súil go mbeidh luachanna na ngnónna bunúsacha níos mó ná luachanna a nglansócmhainní inaitheanta.

7 Airgeadra eachtracha

Déantar idirbheartaíochtaí in airgeadra eachtracha a thaifeadadh ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta na n-idirbheartaíochtaí nó ag ráta conartha. Aistrítear na sócmhainní agus dliteanais airgeadais mar thoradh air sin ag an ráta a rialaíonn ag dáta an chláir chomhardaithe nó an ráta conartha agus déileáiltear leis na difríochtaí malartaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Áirítear glaninfheistíochtaí an ghrúpa i bhfoghnóthais, i gcomhfhiontair agus i gcomhlaigh thar lear ag an ráta a rialaíonn ag dáta an chláir chomhardaithe. Aistrítear brabúis agus caillteanais fhoghnóthais, chomhfhiontair agus chomhlaigh thar lear ag na meánrátaí don tréimhse. Déileáiltear le difríochtaí malartaithe mar thoradh ar ath-aistriú chláir chomhardaithe tosaigh na bhfoghnóthas, na gcomhfhiontair agus na gcomhlach thar lear ag rátaí dúnta, mar aon leis na difríochtaí ar aistriú na gcuntas brabúis agus caillteanas, trí chúlchistí agus léirítear iad sin sa ráiteas ar iomlán na ngnóthachan agus caillteanas aitheanta.

8 Láimhdeachas

Cuimsíonn láimhdeachas glandíolacháin leictreachais agus earraí agus seirbhísí eile le custaiméirí lasmuigh den ghrúpa agus eisíonn cáin bhreisluacha. Áirítear ar láimhdeachas leictreachais meastachán de luach na n-aonad a soláthraíodh do chustaiméirí idir dáta léamh deiridh an mhéadair agus deireadh na tréimhse agus cuirtear an meastachán seo san áireamh i gclár comhardaithe na bhféichiúnaithe mar ‘ídiú neamhbhillithe”.

9 Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Tá sócmhainní seasta inláimhsithe luaite ag costas lúide dímheas carnaithe soláthairtí do lagú ar luach. Áirítear ar chostas an bunchostas, forchostais agus an t-ús a tabhaíodh i maoiniú thógáil na sócmhainní seasta inláimhsithe. Stopann caipitiliú úis nuair a thosaítear ag baint úsáide as an tsócmhainn. Bíonn an ráta capitilithe a chuirtear i bhfeidhm cothrom le meánchostas fhiach gan íoc BSL.

Déantar an muirear do dhímheas a ríomh chun costas na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh go dtí a luachanna measta iarmharacha thar a saol úsáideach ionchasach ag baint úsáide as modhanna a bhíonn oiriúnach do ghnó an Ghrúpa agus do charachtar agus méid a shócmhainní seasta inláimhsithe. Is iad na mór-aicmí sócmhainní agus a saolré leithdháilte ná:

Gléasra Ginte agus
Struchtúir Stáisiún Teirmeach › 20 bliain
Gléasra agus Struchtúir Dáilte › 25/30 bliain
Gléasra agus Struchtúir Tharchuir › 30 bliain
Foirgnimh Ghinearálta agus Hidreastáisiúin › 50 bliain

Soláthraítear dímheas:

- Ar an modh líne dhírí do Shócmhainní Tarchuir, Dáilte agus Ginearálta
- Ar bhonn teilgthe úsáide gléasra d’Aonaid Ghinte
- Ar gach sócmhainn ó dháta an choimisiúnaithe.

10 Costais réamhchonartha

Aithnítear costais phleanála do thionscadail infheistíochta caipitil, agus d’fhorbairt na dtionscadal sin, nó tairiscint do chonarthaí, agus conarthaí a aimsiú, chun táirgí agus seirbhísí a sholáthar mar chaiteachais de réir mar a thabhaítear iad. Déantar caipitliú, áfach, ar chostais is inchurtha go díreach mar shócmhainní nuair a bhítear nach mór cinnte go ngeobhar conradh, agus go meastar go mbeidh glan-insreabhadh airgid mar thoradh ar an gconradh sa todhchaí, le luach láithreach nach lú ná gach méid atá aitheanta mar shócmhainn.

11 Stoic

Iompraítear stoic ag meánchostas, ach amháin:

Spárálacha sealbhaithe do mhórbhriseadh síos ghléasra ginte, a dtugtar a luach anuas thar shaolré an ghléasra; agus Earraí sealbhaithe d’athdhíolachán, a iompraítear ag an meánchostas is lú agus ag an nglanluach inréadaithe. Tá an glanluach inréadaithe

bunaithe ar an ngnáthphraghas díolacháin lúide costais bhreise a meastar a thabhófar roimh dhiúscairt.

Déantar soláthar do mhíreanna damáistithe, lagthaí, as feidhm agus nach féidir a úsáid i gcás gur cuí sin.

12 Ionstraimí airgeadais díorthacha

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais a thagann as conarthaí malartáin eachtraigh ar aghaidh a bhíonn in úsáid chun sreabhadh airgid idirbheartaíochtaí eachtracha a fhálú mar speansas oibríochta sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Baintear úsáid as comhaontuithe babhtála ráta úis agus conarthaí comhchosúla chun bainistiú a dhéanamh ar nochtadh ráta úis. Aithnítear méideanna is iníoctha nó is infhaighte i ndáil leis na díorthaí seo mar speansas úis thar thréimhse na gconarthaí.

13 Conarthaí íocaíochta iarchurtha

Glactar brabús ar chonarthaí íocaíochta iarchurtha i dtréimhse an díolacháin. Léiríonn glan-infheistíocht iomlán i gconarthaí íocaíochta iarchurtha atá sa chlár comhardaithe na híocaíochtaí conartha is infhaighte, glan ar mhuirir airgeadais a bhaineann le tréimhsí cuntasaíochta sa todhchaí. Leithdháiltear muirir airgeadais chuig tréimhsí cuntasaíochta ar bhonn bliantachta i rith an téarma íocaíochta iarchurtha.

14 Sócmhainní ar léas

Tá sócmhainní seasta inláimhsithe a fuarthas faoi léasanna airgeadais san áireamh sa chlár comhardaithe ag comhionann a luach caipitil agus déantar dímheas orthu i rith an téarma léasa nó a saol úsáideach ionchasach cé acu is giorra . Tá na dliteanais comhfhreagracha taifeadta mar chreidiúnaí agus déantar an mhír úis de na híocaíochtaí léasa airgeadais a mhuirearú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn bliantachta. Déantar cíosanna léasa oibríochta a mhuirearú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn líne dhírí i rith théarma an léasa.

15 Ranníocaí soláthair neamh-iníoctha agus deontais chaipitil

Déantar ranníocaí soláthair neamh-iníoctha agus deontais chaipitil a fuarthas a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais iad ar bhonn comhleanúnach le polasaí dímheasa na sócmhainní lena mbaineann. Roimh 2002, rinneadh ranníocaí soláthair neamh-iníoctha a chreidiúnú díreach chuig cúlchistí caipitil. An 30 Nollaig 2001, de réir an Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 2001, rinneadh gach méid a bhí creidiúnaithe an uair sin chuig cúlchistí a chomhshó go dtí stoc caipitil BSL.

16 Cúlchiste d'athcheannach stoc iasachta

Ceadaíonn Alt 5 den Acht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 1982 don Bhord na suimeanna sin a mheasann sé a bheith cuí le húsáid mar aisíocaíocht ar iasachtaí a leithreasú. Déantar na suimeanna a leithreasú chuig an gcúlchiste fiachmhúchta de réir an Achta, trí aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais.

17 Cánachas

Soláthraítear cáin chorparáide ag rátaí reatha agus ríomhtar í ar bhunús na dtorthaí don tréimhse, ag cur faoiseamh déantúsaíochta san áireamh, nuair is cuí. Áirítear ar an muirear cánachais sa chuntas brabúis agus caillteanais cánachas sciar an ghrúpa de bhrabúis ghnóthais chomhfhiontair agus chomhlachaithe agus cánachas iarchurtha.

18 Cánachas iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha i ndáil le gach difríocht ama atá tionscnaithe ach nach bhfuil cúlaithe ag dáta an chláir chomhardaithe, leis na heisceachtaí seo a leanas:

- Déantar soláthar do cháin a d'eascródh ar sheoltáin thuilleamh coimeádta fhochuideachtaí thar lear a mhéad, ag dáta an chláir chomhardaithe, go mbíonn díbhinní tabhaithe mar infhaighte, agus a mhéad sin amháin;
- Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha a mhéad go mbreithníonn an Bord gur dóchúla ná a mhalairt go mbeidh brabúis oiriúnacha inchánaithe as ar féidir cúlú na ndifríochtaí bunúsacha ama a asbhaint, agus a mhéad sin amháin.

Tomhastar cáin iarchurtha ar bhonn neamh-lascainithe ag na rátaí cánach a mheastar a bheith i bhfeidhm sna tréimhsí ina gcúlaíonn difríochtaí ama, bunaithe ar rátaí cánach agus dlithe achtaithe nó a bhíonn achtaithe go substaintiúil ag dáta an chláir chomhardaithe.

19 Soláthairtí do dhúnadh stáisiúin ginte

Léiríonn an soláthar do dhúnadh stáisiúin ginte luach láithreach an mheastacháin reatha ar chostais dhúnadh stáisiún ag deireadh a saoil úsáidigh.

Aithnítear costais mheasta dhúnadh stáisiún ina n-iomláine ag tús an tsaoil sócmhainne, ach déantar lascainiú orthu go dtí luachanna láithreacha ag baint úsáide as ráta saor ó rioscaí. Déantar caipitliú ar na costais sin i sócmhainní seasta inláimhsithe agus déantar iad a dhímheas thar shaol eacnamaíoch úsáideach na stáisiún lena mbaineann siad. Déantar na costais a chreidiúnú chuig soláthar de réir mar a dhéantar iad a chaipitiliú.

De réir mar a dhéantar na costais a chaipitliú agus a soláthar ar dtús ar bhonn lascainithe, caithfear an soláthar a mhéadú trí mhuirear airgeadais gach tréimhse, a ríomhtar bunaithe ar an iarmhéid soláthair agus cuirtear san áireamh é sa chuntas brabúis agus caillteanais. Ar an tslí sin, cothromóidh an soláthar na costais mheasta dúnta ag deireadh shaol eacnamaíoch úsáideach na stáisiún. Cuirtear an caiteachas iarbhír in aghaidh an tsoláthair de réir mar a dhúnann na stáisiúin.

20 Lascainiú ar thiomantais don todhchaí

I gcás go mbíonn éifeacht luach ama airgid ábhartha, bíonn soláthair do thiomantais don todhchaí, le cánachas iarchurtha mar eisceacht, bunaithe ar chostas lascainithe chomhlíonadh na dtiomantas sin ionas gurb é an t-iarmhéid soláthair ag deireadh na tréimhse luach láithreach an chaiteachais a bhíonn riachtanach chun an oibleagáid a shocrú. Bíonn an ráta lascaine bunaithe ar ráta saor ó riosca agus cuirtear an muirear airgeadais san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais agus cuirtear leis an soláthar é do gach tréimhse.

21 Scéim aoisliúntais

Cuirtear an costas a bhaineann le pinsin agus sochair iarscoir eile a sholáthar chun dochair don chuntas brabuis agus caillteanais ar bhonn córasach thar shaol seirbhíse na bhfostaithe, mar atá molta ag na hAchtúirí don scéim.

22 Airgead tirim agus acmhainní leachtacha

Chun críche an ráitis sreabhaidh airgid, cuimsíonn airgead tirim ar láimh agus éarlais athiníoctha arna n-éileamh, lúide rótharraingtí iníoctha arna n-éileamh.

Is infheistíochtaí sócmhainní reatha iad na hacmhainní leachtacha atá indiúscartha gan an gnó a laghdú nó gan cur as don ghnó agus is féidir a aistriú go héasca isteach i méideanna feasacha d'airgead tirim ag a luachanna iompair, nó gar dá luachanna iompair, agus a dhéantar a thrádáil i margadh gníomhach. Tá siad comhdhéanta de thaiscí téarma, nach airgead tirim, infheistithe ar feadh tréimhse níos lú ná bliain amháin.

Cuntas Brabúis agus Caillteanais an Ghrúpa

An Bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2004

	Nótaí	2004 € '000	2003 € '000
Láimhdeachas - grúpa agus sciar comhfhiontar		**2,634,006**	2,480,234
Lúide: Sciar láimhdeachas comhfhiontar		**(145,092)**	(138,431)
Láimhdeachas - oibríochtaí leanúnacha	1	**2,488,914**	2,341,803
Costais oibriúcháin	2	**(2,126,062)**	(2,016,201)
Brabús oibriúcháin - oibríochtaí leanúnacha		**362,852**	325,602
Sciar brabús oibriúcháin comhfhiontar		**35,258**	27,935
Sciar brabús oibriúcháin gnóthas comhlachais		**85**	416
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh ús		**398,195**	353,953
Glanchostas úis agus táillí maoinithe eile	3	**(83,772)**	(51,845)
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		**314,423**	302,108
Muirear cánach ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	5	**(47,159)**	(53,422)
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánachais		**267,264**	248,686
Leasa mionlaigh - cothromas	21	**(112)**	1
Brabús don bhliain airgeadais		**267,152**	248,687
Díbhinní	7	**(77,413)**	(67,118)
Brabús coinnithe don bhliain airgeadais		**189,739**	181,569
Leithghabháil don chúlchiste d'athcheannach stoic iasachta	19	**(314)**	(245)
Aistriú don chúlchiste brabúis agus caillteanais	20	**189,425**	181,324

Sínithe: **Tadhg O'Donoghue** Cathaoirleach

Sínithe: **Padraig McManus** Príomhfheidhmeannach
Sínithe: **Bernard Byrne** Stiúrthóir Airgeadais Grúpa

28 Meitheamh 2005

Clár Comhardaithe an Ghrúpa

Ar an 31 Nollaig 2004

	Nótaí	2004 € '000	2003 € '000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	8	**5,633,444**	4,725,100
Infheistiú i gcomhlaigh	9	**3,491**	3,484
Infheistíochtaí i gcomharfhiontair			
› Cáilmheas		**13,274**	14,863
› Sciar na n-ollsócmhainní		**256,284**	265,308
› Sciar na n-olldliteanas		**(78,431)**	(85,884)
Infheistíocht iomlán i gcomharfhiontair	9	**191,127**	194,287
Infheistíochtaí sócmhainne airgeadais eile	9	**2,886**	2,624
		5,830,948	4,925,495
Sócmhainní reatha			
Stoic	10	**190,135**	179,725
Féichiúnaithe	11	**567,097**	508,480
Infheistíochtaí	12	**78**	54
Airgead ag an mbanc agus ar láimh	22(c)	**74,778**	566,508
		832,088	1,254,767
Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin			
Iasachtaí agus fiachas eile	13	**(127,670)**	(98,336)
Creidiúnaithe eile	15	**(655,468)**	(568,009)
		(783,138)	(666,345)
Glansócmhainní reatha		**48,950**	588,422
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		**5,879,898**	5,513,917
Creidiúnaithe: méideanna dlite faoi cheann breis is bliain amháin			
Iasachtaí agus fiachas eile	13	**(2,246,002)**	(2,070,978)
Creidiúnaithe eile	15	**(51,703)**	(101,139)
Ioncam iarchurtha	16	**(254,899)**	(155,805)
		(2,552,604)	(2,327,922)
Soláthar in aghaidh dliteanas agus muirear	17	**(839,722)**	(887,409)
		2,487,572	2,298,586
Stoc Caipitiúil agus Cúlchistí			
Stoc caipitiúil	18	**1,979,882**	1,979,882
Cúlchiste d'athcheannach stoic iasachta	19	**2,687**	2,373
Cuntas brabúis agus caillteanais agus cúlchistí eile	20	**504,325**	315,765
Cistí stocshealbhóirí - cothromas		**2,486,894**	2,298,020
Leasa mionlaigh	21	**678**	566
		2,487,572	2,298,586

Sínithe: **Tadhg O'Donoghue** Cathaoirleach

Sínithe: **Padraig McManus** Príomhfheidhmeannach

Sínithe: **Bernard Byrne** Stiúrthóir Airgeadais Grúpa

28 Meitheamh 2005

An Mháthairchlár Comhardaithe

Ar an 31 Nollaig 2004

	Nótaí	2004 € '000	2003 € '000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	8	**4,924,384**	4,260,526
Sócmhainní airgeadais	9	**190,652**	165,819
		5,115,036	4,426,345
Sócmhainní reatha			
Stoic	10	**176,057**	179,725
Féichiúnaithe	11	**697,545**	575,279
Infheistíochtaí	12	**78**	54
Airgead ag an mbanc agus ar láimh		**39,792**	502,361
		913,472	1,257,419
Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin			
Iasachtaí agus fiachas eile	13	**(113,078)**	(83,744)
Creidiúnaithe eile	15	**(670,893)**	(555,143)
		(783,971)	(638,887)
Glansócmhainní reatha		**129,501**	618,532
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		**5,244,537**	5,044,877
Creidiúnaithe: méideanna dlite faoi cheann breis is bliain			
Iasachtaí agus fiachas eile	13	**(1,667,010)**	(1,660,151)
Creidiúnaithe eile	15	**(23,851)**	(70,087)
Ioncam iarchurtha	16	**(253,212)**	(154,423)
		(1,944,073)	(1,884,661)
Soláthar in aghaidh dliteanas agus muirear	17	**(836,650)**	(889,411)
		2,463,814	2,270,805
Stoc Caipitiúil agus Cúlchistí			
Stoc Caipitiúil	18	**1,979,882**	1,979,882
Cúlchiste d'athcheannach stoic iasachta	19	**2,687**	2,373
Cuntas brabúis agus caillteanais agus cúlchistí eile	20	**481,245**	288,550
Cistí stocshealbhóirí – cothromas		**2,463,814**	2,270,805

Sínithe: **Tadhg O'Donoghue** Cathaoirleach

Sínithe: **Padraig McManus** Príomhfheidhmeannach
Sínithe: **Bernard Byrne** Stiúrthóir Airgeadais Grúpa

28 Meitheamh 2005

Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

An bhliain dár críoch 31 Nollaig 2004

	Nótaí	2004 € '000	2003 € '000
Brabús don bhliain airgeadais		**267,152**	248,687
Difríochtaí aistriúcháin ar chomhdhlúthú fochuideachtaí coigríche, comhfhiontar agus comhlach	20	**(865)**	(3,637)
Gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána don bhliain airgeadais		**266,287**	245,050

Réiteach ar Ghluaiseachtaí i gCistí Stocshealbhóirí	**2004** **€ '000**	**2003** **€ '000**
Gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána don bhliain	**266,287**	245,050
Díbhinní	**(77,413)**	(67,118)
Cistí stocshealbhóirí tosaigh	**2,298,020**	2,120,088
Cistí stocshealbhóirí deiridh	**2,486,894**	2,298,020

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid an Ghrúpa

An bhliain dár críoch 31 Nollaig 2004

	Nótaí	2004 € '000	2003 € '000
Insreabhadh ar Airgead Glan ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta	22(a)	**485,035**	530,731
Díbhinní a fuarthas ó ghnóthais chomhfhiontair		**32,224**	15,189
Toradh ar infheistíochtaí agus fónamh airgeadais			
Ús faighte		**7,069**	4,017
Ús íoctha		**(108,013)**	(49,031)
Gné úis d'íocaíochtaí léasa airgeadais		**(8,608)**	(7,597)
Glan-eis-sreabhadh airgid ó thoradh ar infheistíochtaí agus fónamh airgeadais		**(109,552)**	(52,611)
Cánachas			
Cáin chorparáide íoctha		**(29,324)**	(24,044)
Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais			
Sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach		**(1,142,627)**	(1,234,862)
Sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíol		**28,167**	12,864
Ioncam iarchurtha	16	**106,425**	78,359
		(1,008,035)	(1,143,639)
Éadálacha agus diúscairtí			
Ceannach fochuideachta, comhfhiontair agus comhlaigh		**-**	(7,000)
Glan-eis-sreabhadh airgid ó chaiteachas caipitiúil & infheistíocht airgeadais		**(1,008,035)**	(1,150,639)
Díbhinní íoctha		**(67,118)**	(19,704)
Glan-eis-sreabhadh airgid roimh bhainistíocht ar acmhainní leachtacha agus maoiniú		**(696,770)**	(701,078)
Glan-eis-sreabhadh /(insreabhadh) airgid ó bhainistiú acmhainní leachtacha	22(b)	**438,048**	(426,924)
Maoiniú			
Méadú ar iasachtaí agus léasanna airgeadais (glan)	22(b)	**204,419**	1,146,453
Glan-insreabhadh airgid ó mhaoiniú		**204,419**	1,146,453
(Laghdú) / Méadú ar airgead tirim	22(b)	**(54,303)**	18,451

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

1 Faisnéis Dheighilteach

(a) De réir gníomhaíochta

	2004 € '000	2003 € '000
Giniúint agus Soláthar Cumhachta		
Giniúint Cumhachta		
Láimhdeachas iomlán	**1,065,387**	981,002
Láimhdeachas inmheánach	**936,085**	883,617
Láimhdeachas eachtrach	**129,302**	97,385
Brabús roimh ús agus cáin	**72,680**	62,004
Caiteachas caipitiúil	**192,940**	270,047
Soláthar Custaiméirí		
Láimhdeachas iomlán	**1,759,040**	1,660,390
Láimhdeachas inmheánach	**39,348**	28,002
Láimhdeachas eachtrach	**1,719,692**	1,632,388
Brabús roimh ús agus cáin	**76,476**	88,693
Caiteachas caipitiúil	**7,283**	2,755
Gréasáin		
Láimhdeachas iomlán	**945,060**	849,196
Láimhdeachas inmheánach	**728,760**	689,935
Láimhdeachas eachtrach	**216,300**	159,261
Brabús roimh ús agus cáin	**254,187**	216,091
Caiteachas caipitiúil	**703,580**	671,665
Fiontair Thráchtála		
Láimhdeachas iomlán	**691,223**	659,983
Láimhdeachas inmheánach	**200,458**	186,775
Láimhdeachas eachtrach	**490,765**	473,208
Brabús roimh ús agus cáin	**25,892**	13,899
Caiteachas caipitiúil	**246,300**	308,267
Eile		
Láimhdeachas eachtrach - coigeartuithe comhdhlúthaithe	**(67,145)**	(20,439)
Coigeartuithe comhdhlúthaithe agus caillteanais roimh ús agus cáin	**(31,040)**	(26,734)
Caiteachas caipitiúil	**59,044**	41,148
Iomláin Ghrúpa		
Láimhdeachas eachtrach	**2,488,914**	2,341,803
Láimhdeachas ó chomhfhiontair	**145,092**	138,431
Brabús roimh ús agus cáin	**398,195**	353,953
Caiteachas caipitiúil	**1,209,147**	1,293,882

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

1 Faisnéis Dheighilteach (ar lean)

(b) Láimhdeachas de réir Margaidh Gheografaigh

	2004 € '000	2003 € '000
Éire	**2,423,984**	2,272,351
RA & An Eoraip	**186,941**	156,574
Eile	**23,081**	51,309
Iomlán	**2,634,006**	2,480,234

2 Costais Oibriúcháin

	2004 € '000	2003 € '000
Párolla	**494,749**	481,142
Breosla	**806,300**	732,141
Oibríochtaí agus cothabháil	**528,034**	483,864
Dímheas	**295,933**	286,455
Máchailiú sócmhainní (Nóta 8)	**1,046**	32,599
	2,126,062	2,016,201

3 Glanchostas Úis agus Muirir Mhaoinithe Eile

	2004 € '000	2003 € '000
Ús iníoctha ar iasachtaí	**110,205**	54,547
Ús iníoctha ar léasanna airgeadais	**8,541**	7,612
Ús iomlán iníoctha	**118,746**	62,159
Ús iomlán infhaighte	**(6,769)**	(3,943)
Glanús iníoctha	**111,977**	58,216
Lúide ús caipitlithe	**(60,691)**	(39,490)
Muirir Mhaoinithe		
› i leith soláthar athstruchtúraithe	**15,886**	18,425
› i leith soláthar do dhúnadh stáisiúin	**16,600**	14,694
Glanchostas úis agus muirir mhaoinithe eile	**83,772**	51,845

Ríomhtar na muirir mhaoinithe i leith soláthairtí faoi réir ag polasaí ceangaltais sa todhchaí a lascainiú.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

4 Fostaithe

(a) Meánlíon fostaithe sa bhliain de réir gníomhaíochtaí gnó, agus fostaithe sealadacha san áireamh

	2004 Líon	2003 Líon
Giniúint Cumhachta & Soláthar do Chustaiméirí	**2,269**	2,471
Gréasáin	**4,008**	4,073
Fiontair Thráchtála	**2,652**	2,669
Eile	**360**	374
	9,289	9,587

(b) Costais fostaithe sa bhliain

	2004 € '000	2003 € '000
Tuarastail	**561,354**	542,362
Costais leasa sóisialaigh (ÁSPC)	**22,837**	22,355
Costais phinsin	**40,369**	39,566
Sochair phárolla eile*	**41,489**	40,059
	666,049	644,342
Párolla caipitlithe	**(171,300)**	(163,200)
Curtha chun dochair an Chuntais Brabúis & Caillteanais	**494,749**	481,142

* Cuimsíonn na sochair sin speansais taistil agus cothaithe go príomha.

5 Cáin ar Bhrabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí

	2004 € '000	2003 € '000
Cáin chorparáide de réir 12.5% (2003: 12.5%)	**12,688**	30,526
Lúide faoiseamh déantúsaíochta	**(1,096)**	(2,344)
	11,592	28,182
Cáin ar ghnóthachain chaipitiúla	**4,817**	-
Gnóthachain inmhuirir	**52**	-
Cáin thar lear (agus cuideachtaí comhlachaithe as an áireamh)	**2,395**	3,904
Cáin inchurtha i leith an ghrúpa	**18,856**	32,086
Cáin inchurtha i leith cuideachtaí comhlachaithe	**-**	63
Cáin inchurtha i leith comhfhiontar	**3,972**	2,183
Rósholáthar na bliana a d'imigh	**(1,424)**	-
Muirear cánach na bliana reatha (ar lean)	**21,404**	34,332

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

5 Cáin ar Bhrabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí (ar lean)

	2004 € '000	2003 € '000
Muirear cánach na bliana reatha	**21,404**	34,332
Cánachas Iarchurtha		
Tionscnamh agus frithsheoladh difríochtaí uainithe	**30,108**	18,774
Cáin iarchurtha atá inchurtha le comhfhiontair	**(316)**	316
Rósholáthar na bliana seo caite	**(4,037)**	-
	47,159	53,422
Tosca a théann i bhfeidhm ar mhuirear cánach na bliana		
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin iolraithe ar an ráta trádála reatha (12.5%) (2003: 12.5%)	**39,303**	37,764
Na hiarmhairtí cánacha a ghabhann le:		
Speansais neamh-in-asbhainte chun cuspóirí cánach	**1,058**	13,923
Tuillimh eachtracha a bhfuil rátaí cánach difriúla dlite ina leith	**4,519**	3,765
Ioncam agus gnóthachain ar gearradh an t-ardráta cánach Éireannaí orthu	**2,082**	316
Ioncam ar gearradh an ísealráta cánach Éireannaí air	**(1,096)**	(2,344)
Liúntais chaipitiúla ina bhfarasbarr ar an dímheas	**(25,246)**	(21,626)
Difríochtaí iarchurtha cáinuainithe eile	**2,208**	2,534
Rósholáthar na bliana roimhe	**(1,424)**	-
Muirear cánach na bliana reatha roimh cháin iarchurtha	**21,404**	34,332

Gearrtar ráta cánach 20% ar bhrabúis ó dhíol tailte forbartha a rinneadh i rith na bliana.

Gearrtar an ráta caighdeánach cánach corparáide 12.5% (2003:12.5%) ar bhrabús BSL, arna laghdú ag faoiseamh déantúsaíochta mar is cuí. Dlitear cáin eachtrach ar rátaí idir 30% agus 40% ar chéatadán thart ar 10% de bhrabús an Ghrúpa.

Tá an muirear Cánachais bunaithe ar an mbrabús roimh cháin don bhliain agus cuirtear san áireamh ann an cánachas iarchurtha a éiríonn as difríochtaí uainithe idir an Cánachas agus socraíocht chuntasaíochta nithe ar leith. Tá soláthar déanta i leith na sócmhainní agus na ndliteanas cánachais iarchurtha uile atá ag éirí as beartaíochtaí agus tarlúintí a aithníodh sna ráitis airgeadais sa tréimhse reatha agus sna tréimhsí roimhe. Níor lascainíodh na sócmhainní agus na dliteanais chánachais sin.

Nithe amach anseo ar cosúil go mbeidh baint acu le muirear cánach na cuideachta, baineann siad go príomha le hinfheistíocht reatha na cuideachta i gcumhachtstáisiún nua Chúil Chaorach i dTuaisceart Éireann. Táthar ag súil go mbeadh an stáisún sin ag obair le linn na bliana dár críoch 2005. Tá an stáisiún sin á choimisiúnú faoi láthair agus é le bheith ag obair faoi lánseol in 2005. Is é 30% an ráta cánach brabúis chorparáide i dTuaisceart Éireann faoi láthair.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

6 Brabús don Bhliain Airgeadais

	2004 € '000	2003 € '000
Luaitear an brabús don bhliain airgeadais i ndiaidh na nithe seo a leanas a ghearradh/ (a bhreacadh chun sochair):		
Dímheas	**295,933**	286,455
Muirir léasa oibriúcháin	**9,046**	9,120
Amúchadh cáilmheasa	**1,648**	15,170
Amúchadh Ioncaim iarchurtha	**(7,331)**	(4,876)
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	**725**	2,766
(Brabús) ar dhiúscairt sócmhainní seasta	**(25,059)**	(10,312)
Caillteanas ar dhiúscairt infheistíochtaí i sócmhainn seasta airgeadais	**-**	463
Luach saothair na n-iniúchóirí		
seirbhísí iniúchta	**382**	358
Cánachas	**171**	53
seirbhísí eile neamh-iniúchta	**223**	151
Luach saothair Chomhaltaí Boird BSL(na máthairchuideachta):		
táillí	**196**	203
luach saothair eile	**791**	783
Fabhtú sócmhainní seasta (Nóta 8)	**1,046**	32,599

7 Díbhinní

	2004 € '000	2003 € '000
Díbhinní ar stoc caipitiúil:		
Díbhinn deiridh molta de 3.91 cent (2003: 3.39 cent) ar aonad stoic caipitiúil	**77,413**	67,118

Tá sé molta díbhinn de 3.91 cent ar aonad stoic caipitiúil eisithe a íoc (2003: 3.39 cent). Is é 1,979,881,856 líon iomlán na n-aonad caipitiúil eisithe. Níor íocadh díbhinn eatramhach i 2004 ná i 2003.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

8 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

(a) AN GRÚPA	Talamh agus foirgnimh € '000	Gléasra agus innealra € '000	Iomlán na sócmhainní i gcoimisiún € '000	Sócmhainní á dTógáil € '000	Iomlán € '000
Costas					
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2004	789,295	5,801,634	6,590,929	1,222,149	7,813,078
Breisithe	28,123	1,082,440	1,110,563	98,584	1,209,147
Scoir/diúscairtí	(1,703)	(20,632)	(22,335)	-	(22,335)
Difríocht aistriúcháin	1	(14)	(13)	-	(13)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2004	815,716	6,863,428	7,679,144	1,320,733	8,999,877
Dímheas					
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2004	430,519	2,657,459	3,087,978	-	3,087,978
Muirear don bhliain	24,565	271,368	295,933	-	295,933
Scoir/diúscairtí	(543)	(17,959)	(18,502)	-	(18,502)
Difríocht aistriúcháin	1	(23)	(22)	-	(22)
Coigeartú fabhtaithe	-	1,046	1,046	-	1,046
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2004	454,542	2,911,891	3,366,433	-	3,366,433
Leabharluach glan ar an 31 Nollaig 2004	**361,174**	**3,951,537**	**4,312,711**	**1,320,733**	**5,633,444**
Leabharluach glan ar an 31 Nollaig 2003	358,776	3,144,175	3,502,951	1,222,149	4,725,100

Is ionann agus €6.6m (2003: €6.4m) gné neamh-dímheasa na talún agus na bhfoirgneamh.
Chaipitligh an Grúpa suim €60.7m (2003: €39.5m) in ús i gcaitheamh na bliana. Ba é 5% an ráta caipitlithe (2003: 5.3%).
I gcaitheamh 2004, rinne Ballyragget Power Limited athbhreithniú máchailithe ar a sócmhainní seasta agus, dá bharr sin, díscríobhadh €1m den leabharluach glan.
Rinne ESB Telecoms Limited, fochuideachta, athbhreithniú ar a straitéis ghnó agus a chuid luachanna sócmhainne seasta i gcaitheamh 2003. Ag éirí as sin, rinneadh luach a sócmhainne snáithín a thabhairt anuas €41.4m agus amúchadh an deontas rialtais iarchurtha a ghabhann leis an tsócmhainn sin €13m eile. Tugadh anuas luach na sócmhainní inláimhsithe i Hibernian Hydro Limited, fochuideachta, freisin i ndiaidh athbhreithniú fabhtaithe in 2003, ionas gur laghdaíodh luach iompair na sócmhainní €4.2m.
Cuimsíonn na breisithe do 2004 aistrithe ó shócmhainní atá á dtógáil agus a ndearnadh coimisiúnú orthu i gcaitheamh 2004

Léasa airgeadais
I seilbh na máthairchuideachta atá na léasa airgeadais uile. Cuimsíonn leabharluach glan na sócmhainní seasta inláimhsithe méid €43.9m (2003: €48.3m) i leith gléasta agus innealra a bhí i seilbh faoi léasa airgeadais. Dímheas €4.4m (2003: €4.4m) a gearradh ar shócmhainní dá leithéid i gcaitheamh na bliana

FRS 15 "Sócmhainní seasta inláimhsithe"
Éilíonn an caighdeán sin i gcás ina gcuimsíonn an tsócmhainn seasta inláimhsithe dhá mhór-chomhchuid nó níos mó a ngabhann saolré eacnamaíoch úsáideach sách éagsúil leo araon, go ndéantar gach comhchuid díobh a chuntas aisti féin i leith dímheasa agus í a dhímheas i gcaitheamh a saolré eacnamaíche úsáidí. Chinn athbhreithniú a rinneadh ar an mbonn sin ar shócmhainní seasta BSL go mba chuma faoi leasú ar bith ar shaolré reatha eacnamaíoch na gcomhchodanna laistigh de na sócmhainní reatha i gcomhthéacs na ráiteas airgeadais.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

8 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe (ar lean)

(a) AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA	Talamh agus foirgnimh € '000	Gléasra agus innealra € '000	Iomlán na sócmhainní i gcoimisiún € '000	Sócmhainní á dTógáil € '000	Iomlán € '000
Costas					
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2004	783,443	5,718,407	6,501,850	780,345	7,282,195
Breisithe	27,967	1,078,516	1,106,483	(143,256)	963,227
Scoir/diúscairtí	(1,703)	(31,540)	(33,243)	-	(33,243)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2004	809,707	6,765,383	7,575,090	637,089	8,212,179
Dímheas					
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2004	430,281	2,591,388	3,021,669	-	3,021,669
Muirear don bhliain	24,552	261,578	286,130	-	286,130
Scoir/diúscairtí	(543)	(19,461)	(20,004)	-	(20,004)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2004	454,290	2,833,505	3,287,795	-	3,287,795
Leabharluach glan ar an 31 Nollaig 2004	**355,417**	**3,931,878**	**4,287,295**	**637,089**	**4,924,384**
Leabharluach glan ar an 31 Nollaig 2003	353,162	3,127,019	3,480,181	780,345	4,260,526

Is fiú €0.7m (2003: €0.8m) í an ghné neamh-indímheasa de thalamh agus foirgnimh

Chaipitligh an Mháthairchuideachta suim €34.6m (2003: €30.3m) in ús i gcaitheamh na bliana. 5% an ráta caipitlithe (2003: 5.3%).

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

9 Sócmhainní Seasta Airgeadais

(a) AN GRÚPA	Scaireanna gnóthas comhlachaithe	Infheistíochtaí comhfhiontair	Ciste Fiachmhúchta agus Infheistíochtaí eile	Cáilmheas & Sócmhainní Inláimhsithe	Iomlán
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2004	3,484	194,287	2,500	124	200,395
Diúscairtí/Breisithe	(78)	109	-	-	31
Amúchadh cáilmheasa	-	(1,596)	-	(52)	(1,648)
Athaistriúchán/gluaiseachtaí eile	-	(961)	314	-	(647)
Sciar an bhrabúis	85	31,512	-	-	31,597
Díbhinní faighte	-	(32,224)	-	-	(32,224)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2004	**3,491**	**191,127**	**2,814**	**72**	**197,504**

Is é €0.1m (2003: €0.1m) costas carraeireachta cháilmheas fochuideachtaí i ndiaidh amúchadh, ar an 31 Nollaig 2004

Seasann taiscí bainc gearrthréimhseacha d'infheistíochtaí ciste fiachmhúchta sa Ghrúpa agus sa Mháthairchuideachta. Is é €2.687m (2003 : €2.373m) luach margaidh infheistíochtaí an chiste fiachmhúchta ar an 31 Nollaig 2004. Tá gnóthais fochuideachtaí, gnóthais chomhlachaithe agus gnóthais chomhfhiontair liostaithe i Nóta 29

(b) AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA	Gnóthais Fochuideachtaí Scaireanna	Iasachtaí	Fo-iomlán	Ciste Fiachmhúchta agus infheistíochtaí eile	Iomlán
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2004	56,778	106,668	163,446	2,373	165,819
Breisithe	-	56,045	56,045	314	56,359
Aisíocaíochtaí	-	(31,526)	(31,526)	-	(31,526)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2004	**56,778**	**131,187**	**187,965**	**2,687**	**190,652**

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

10 › Stoic

	2004 € '000	2003 € '000
AN GRÚPA		
Ábhair agus cinn spártha	**102,241**	98,607
Breosla	**73,816**	70,995
Gléasanna agus earraí eile le hathdhíol	**14,078**	10,123
	190,135	179,725
AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA		
Ábhair agus cinn spártha	**102,241**	98,607
Breosla	**73,816**	70,995
Gléasanna agus earraí eile le hathdhíol	**-**	10,123
	176,057	179,725

Ceaptar nach bhfuil difríocht shuntasach idir costas athsholáthair measta na stoc agus na méideanna a tugadh thuas.

11 › Féichiúnaithe

	An Grúpa		Máthairchuideachta	
	2004 € '000	2003 € '000	**2004 € '000**	2003 € '000
Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin				
Féichiúnaithe trádála	**125,562**	124,535	**111,963**	106,347
Tomhaltas nár billíodh	**277,873**	189,992	**253,444**	184,752
Conarthaí íocaíochta iarchurtha	**45,746**	69,704	**2,345**	24,028
Cáin bhreisluacha	**21,503**	5,934	**-**	6,792
Méideanna dlite ag gnóthais fochuideachtaí	**-**	-	**284,616**	195,309
Féichiúnaithe eile	**79,337**	94,876	**45,177**	56,694
	550,021	485,041	**697,545**	573,922
Méideanna dlite faoi cheann breis is bliain amháin				
Conarthaí íocaíochta iarchurtha	**17,076**	23,439	**-**	1,357
Iomlán na bhféichiúnaithe	**567,097**	508,480	**697,545**	575,279

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

12 › Infheistíochtaí

GRÚPA & MÁTHAIRCHUIDEACHTA	2004 € '000	2003 € '000
Infheistíochtaí liostaithe ar a gcostas	**78**	54
Luach margaidh infheistíochtaí liostaithe	**106**	68

13 › Iasachtaí agus Fiachas Eile

(a) AN GRÚPA	Iasachtaí Gearrthéarma € '000	Airgeadas Léasanna € '000	Iasachtaí € '000	Iasachtaí Neamhtaobhaíochta € '000	2004 Iomlán € '000	2003 Iomlán € '000
Iasachtaí dlite laistigh d'aon bhliain amháin						
› Inaisíoctha ina dtráthchodanna	-	7,145	30,130	-	**37,275**	35,125
› Inaisíoctha ar mhodh seachas tráthchodanna	20,000	-	70,395	-	**90,395**	63,211
	20,000	7,145	100,525	-	**127,670**	98,336
Iasachtaí dlite i gceann breis is bliain amháin						
› Inaisíoctha ina dtráthchodanna						
Idir bliain is dhá bhliain	-	7,727	100,598	7,962	**116,287**	37,275
Idir dhá bhliain is cúig bliana	-	23,581	123,684	33,173	**180,438**	146,839
I ndiaidh cúig bliana	-	86,135	449,764	312,409	**848,308**	744,992
	-	117,443	674,046	353,544	**1,145,033**	929,106
› Inaisíoctha ar mhodh seachas tráthchodanna bliain is dhá bhliain	-	-	50,000	-	**50,000**	70,395
Idir dhá bhliain is cúig bliana	-	-	161,716	-	**161,716**	125,404
I ndiaidh cúig bliana	-	11,220	878,033	-	**889,253**	946,073
	-	11,220	1,089,749	-	**1,100,969**	1,141,872
Iomlán na n-iasachtaí dlite faoi cheann bliain amháin	-	128,663	1,763,795	353,544	**2,246,002**	2,070,978
Iomlán na n-iasachtaí amuigh	**20,000**	**135,808**	**1,864,320**	**353,544**	**2,373,672**	2,169,314

Tá iomlán na n-iasachtaí €53.3m (2003: €87.6 m) ráthaithe ag an Stát. Cuimsíonn na hiasachtaí €593.6 m (2003: €427.4m) a bhaineann le gnóthais fochuideachtaí. Baineann €353.5m (2003: €172.5m) leis an maoiniú neamhachainíoch do Biskaia Energia SL. Is é cuspóir na cuideachta sin cumhachtstáisiún comhchiogal tuirbín ainmniúil 755MW a thógáil, a bheith ina seilbh agus a oibriú ag Amorebieta, ina aice le Bilbao, an Spáinn

Seasann stoc BSL do €15 m (2003: €15m) de na hiasachtaí cinnbhliana.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

13 › Iasachtaí agus Fiachas Eile (ar lean)

Ag deireadh na bliana sheas punann fiachais iomláin BSL ag €2.373 bn (2003: €2.169bn). Bhí an fiachas foluite, roimh mhalairtí, ainmnithe sna hairgeadraí seo a leanas

Airgeadra	**2004**	2003
	%	%
Euro	**56**	49
Yen na Seapáine	**0**	1
Franc na hEilvéise	**1**	1
Dollar SAM	**34**	39
Steirling	**9**	10
Iomlán	**100**	**100**

(b) AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA	**Iasachtaí Gearrtéarmacha € '000**	**Léasanna Airgeadais € '000**	**Iasachtaí € '000**	**2004 Iomlán € '000**	2003 Iomlán € '000
Iasachtaí dlite laistigh d'aon bhliain amháin					
› Inaisíoctha ina dtráthchodanna	-	7,145	15,538	**22,683**	20,533
› Inaisíoctha ar mhodh seachas tráthchodanna	20,000	-	70,395	**90,395**	63,211
	20,000	7,145	85,933	**113,078**	83,744
Iasachtaí dlite i gceann breis is bliain amháin					
› Inaisíoctha ina dtráthchodanna					
Idir bliain is dhá bhliain	-	7,727	13,762	**21,489**	22,683
Idir dhá bhliain is cúig bliana	-	23,581	79,906	**103,487**	90,245
I ndiaidh cúig bliana	-	86,190	354,875	**441,065**	475,860
	-	117,498	448,543	**566,041**	588,788
› Inaisíoctha ar mhodh seachas tráthchodanna					
Idir bliain is dhá bhliain	-	-	50,000	**50,000**	70,395
Idir dhá bhliain is cúig bliana	-	-	161,716	**161,716**	54,896
I ndiaidh cúig bliana	-	11,220	878,033	**889,253**	946,072
	-	11,220	1,089,749	**1,100,969**	1,071,363
Iasachtaí Iomlána dlite in ndiaidh bliain amháin	-	128,718	1,538,292	**1,667,010**	1,660,151
Iomlán na n-iasachtaí amuigh	**20,000**	**135,863**	**1,624,225**	**1,780,088**	1,743,895

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

14 Ionstraimí Airgeadais

(a) Forbhreathnú

Is iad an riosca ráta malairte agus ráta úis na príomhrioscaí airgeadais atá ag bagairt ar an nGrúpa. Déantar polasaithe cistíochta sna réimsí sin agus i réimsí riosca eile, ar nós riosca leachtachta agus riosca creidmheasa comhpháirtí, a athbhreithniú agus a athchóiriú go rialta mar is cuí, agus déanann an Bord iad a fhaomhadh. Déanann cistíocht an Ghrúpa, atá freagrach as gníomhaíochtaí chistíocht an Ghrúpa ó lá go lá, tuairisciú le Coiste Airgeadais an Bhoird ar bhonn leathbhliantúil, agus déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú bliantúil orthu.

(b) Ionstraimí airgeadais a úsáideadh

Úsáideann BSL iasachtaí agus léasanna airgeadais chun oibríochtaí a mhaoiniú, ionstraimí taisce ráta seasta chun cistí barrachais a infheistiú, ionstraimí ráta úis agus malairte eachtraí chun bainistiú a dhéanamh ar rioscaí ráta úis agus airgeadra a bheadh ag éirí as a chuid oibríochtaí agus foinsí airgeadais. Bearta neamh-amhantracha iad na bearta in ionstraimí airgeadais uile

(c) Cistiú agus bainistíocht leachtachta

Déantar gníomhaíochtaí an Ghrúpa a mhaoiniú le sreafaí airgid oibriúcháin, iasachtaí agus léasanna airgeadais. Cistíocht an Ghrúpa a dhéanann an cistiú agus an fiachas a bhainistiú go lárnach, agus bainistiú ar na rioscaí airgeadais a bhaineann le hiasachtaí. Seo a leanas coimriú ar na straitéisí bainistithe fiachais

- A chinntiú go bhfuil na háiseanna iasachta uile de réir na nAchtanna Leictreachais agus na riachtanas rialacháin cuí
- A chinntiú go bhfuil áiseanna cistithe imleora le fáil ag an nGrúpa ar bhonn reatha le feidhmiú straitéis ghnó BSL a éascú
- Punann fiachais a bhaint amach a mbeidh próifíl aibíochta, meascán airgeadra, costas cistí agus ráta úis ag gabháil leis a luíonn isteach le straitéis ghnó BSL.
- Úsáid a bhaint as maoiniú neamhtaobhaíochta struchtúrtha agus maoiniú taobhaíochta teoranta ach a chinntiú go mbeidh comhoiriúnacht idir costais chistithe agus maolú rioscaí ag an am céanna.
- Éagsúlacht i mbonn iasachtóirí BSL a chothabháil, mar aon le raon straitéiseach difríochta ar an ngnó neamhiasachtaithe
- A chinntiú, maidir leis na hionstraimí uile a úsáidtear agus na téarmaí agus na coinníollacha a bhaintear amach, go gceadóidh siad solúbthacht d'athruithe ar an straitéis ghnó sa todhchaí

(d) Bainistiú riosca ráta úis

Is é an polasaí reatha 50% ar a laghad den phunann fiachais a bheith ar rátaí seasta úis. Déantar é sin trí iasachtaí a fháil go díreach ar rátaí úis seasta/comhlúthacha nó via rátaí úis a bhabhtáil

(e) Bainistiú riosca airgeadra eachtraigh

Bainistítear neamhchosaintí breoslacha airgeadra eachtraigh BSL, Dollar SAM agus Sterling den chuid is mó, trí fhoirmle innéacsaithe a aontaíodh le CRF. Is féidir, dá bharr sin, éagsúlachtaí margadhphraghais spotbhreosla agus ráta malairte a fhachtóiriú isteach i gcinní praghais CRF.

I gcomhair ceannachán eile airgid eachtraigh, spotchonarthaí agus réamhcheannacháin airgeadra eachtraigh, úsáidtear roghanna, taiscí agus iasachtaí chun laghdú ar an luaineacht de bharr mionathruithe ar an ráta malairte.

Mar atá ag deireadh na bliana, agus éifeachtaí réamhairgid eachtraigh, airgeadra agus babhtálacha ráta úis curtha san áireamh, ní raibh aon neamhchosaintí suntasacha airgeadra ag BSL

(f) Riosca creidmheasa frithpháirtí

Tá BSL rite le riosca creidmheasa maidir lena chuid taiscí airgid, bearta díorthaíocha agus sócmhainní airgeadais reatha. Cuireann sé barrachais airgid i dtaisce agus déanann sé gnó díorthaíoch le hinstitiúidí airgeadais a shásaíonn critéir acmhainneachta creidmheasa faofa. Rud eile, tá teorainn ar mhéid na neamhchosanta creidmheasa le haon bhanc nó institiúid ar leith.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

14 Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

(g) Luach Cóir

Is é luach cóir ionstraime airgeadais, an méid a d'fhéadfaí a fháil mar mhalairt air i mbeart fad láimhe idir pháirtithe eolacha toilteanacha, seachas i ndíolachán éigeantach nó leachtaithe. Is é an modh a úsáidtear le luach cóir ionstraimí airgeadais an Ghrúpa a áireamh, anailís sreafa airgid lascainithe, agus cuar lascainithe cúpóin nialasaigh in úsáid.

Cuireann an modh sin ar chumas an Ghrúpa na sreafaí airgid a lascainiú ar ráta cothrom le ráta úis reatha an mhargaidh, agus corrlach aibíochta agus creidmheasa á chur san áireamh.

Ós rud é go mbíonn an prionsabal barúlach céanna in úsáid ag an taobh íocaíochta agus an taobh glactha i gcás babhtálacha úis, bíonn méid na carraeireachta cothrom le nialas. Cuireann an luach cóir an ráta seasta agus corrlaigh ráta chomhlúthaigh san áireamh, mar aon leis an ráta margaidh atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

Téann gluaiseachtaí i rátaí malairte i bhfeidhm ar luach carraeireachta babhtálacha airgeadra, agus téann gluaiseachtaí sa mhalairt eachtrach agus i rátaí úis i bhfeidhm ar an luach cóir.

Iompraíonn sócmhainní agus dliteanais airgeadais ráta chomhlúthaigh an Ghrúpa rátaí úis atá bunaithe ar Euribor/Libor sé mhí. Tá dliteanais agus sócmhainní gearrthéarma eisiata ó na taispeántaí seo.

(i) Taiscí Airgid Tirim

2004	Airgeadra	Luach de réir na Leabhar € m	Luach Cóir € m	Seasta %	Meántréimhse alaithe	Meánráta alaithe
	EUR	**25.7**	**25.7**	**100**	**1 day**	**2.1**
	GBP	**10.5**	**10.5**	**100**	**11 days**	**4.8**
	USD	**0.7**	**0.7**	**100**	**7 days**	**2.4**

2003	Airgeadra	Luach de réir na Leabhar € m	Luach Cóir € m	Seasta %	Meántréimhse alaithe	Meánráta alaithe
	EUR	450.0	450.0	100	15 days	2.1
	GBP	11.6	11.6	100	5.8 days	3.9
	USD	11.7	11.7	100	7.5 days	1.1

€2.7m d'infheistíochtaí atá sa chiste fiachmhúchta. Níl aon difríocht phraiticiuil idir an luach de réir na leabhar agus luach cóir na hinfheistíochta sin.

(ii) Iasachtaí Gearrthéarmacha

	Airgeadra	Luach de réir na Leabhar € m	Luach Cóir € m	Seasta %	Meántréimhse alaithe	Meánráta alaithe
2004	**GBP**	**20.0**	**20.0**	**100**	**4 days**	**2.3**
2003	GBP	10.8	10.8	100	86 days	4.1

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

14 Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

(iii) Punann Fiachais

Tá 86% de phunann fiachais an Ghrúpa seasta go dtí aibíocht. Tá meánchostas ualaithe an phunainn fiachais móriomlán timpeall 5%agus meánbheatha 9.25 bliain aige

Ionstraimí	2004 Luach de réir na Leabhar € m	2004 Luach Cóir € m	2004 Gnóthachan/ (caillteanas) € m	2003 Luach de réir na leabhar € m	2003 Luach Cóir € m	2003 Gnóthachan/ (caillteanas) € m
Iasachtaí/Léasanna	**1,434.6**	**1,462.8**	**(28.2)**	1,227.7	1,263.7	(36.0)
Babhtálacha Ráta Úis	**-**	**27.2**	**(27.2)**	-	(21.2)	21.2
Babhtálacha Airgeadra	**919.1**	**999.6**	**(80.5)**	930.8	955.6	(24.8)
Iomlán	**2,353.7**	**2,489.6**	**(135.9)**	**2,158.5**	**2,198.1**	**(39.6)**

(iv) Conarthaí Malairte Eachtraí

Airgeadra	2004 Luach de réir na Leabhar € m	2004 Luach Cóir € m	2004 Gnóthachan/ (caillteanas) € m	2003 Luach de réir na leabhar € m	2003 Luach Cóir € m	2003 Gnóthachan/ (caillteanas) € m
USD	**31.7**	**29.4**	**(2.3)**	45.4	38.8	(6.6)
GBP	**101.4**	**102.2**	**0.8**	115.2	115.1	(0.1)
Iomlán	**133.1**	**131.6**	**(1.5)**	**160.6**	**153.9**	**(6.7)**

(v) Conarthaí Tráchtearraí

Déanann BSL a riosca praghsála tráchtearra ar bhreosla a bhainistiú i gcomhthéacs an innéacsaithe mar atá sé socraithe ag an gCoimisiún Rialaithe Fuinnimh. Déantar na neamhchosaintí sin a bhainistiú le spotchonarthaí agus réamhchonarthaí

Ar an 31 Nollaig 2004, ní raibh babhtálacha ola ar bith ann (luach de réir na leabhar do 2003: US$4.9m, luach cóir US$5.3m - Gnóthachan €0.4m).

Ar an 31 Nollaig 2004, bhí ceithre bhabhtáil guail socair don tréimhse Eanáir go Nollaig 2004 - luach de réir na leabhar: US$37.8m, luach cóir: US$42.8m - caillteanas €5m.(2003 : gan babhtálacha guail ar bith socair).

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

14 › Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

(h) Riosca leachtachta

Mar seo a leanas próifíl aibíochta méid carraeireachta na ndliteanas airgeadais agus na náiseanna iasachta ceangailte neamhtharraingte ábhartha:

	2004		2003	
	Fiachas Tarraingte	**Áiseanna Neamh-tharraingte**	Fiachas Tarraingte	Saoráid Aibíochta Neamh-tharraingte
	€ m	**€ m**	€ m	€ m
Laistigh de bhliain amháin	**90.4**	**154.2**	73.9	-
Idir bliain is dhá bhliain	**122.2**	**-**	70.4	328.0
Idir dhá bhliain is cúig bliana	**202.6**	**941.0**	169.4	1,085.0
I ndiaidh cuig bliana	**1,958.5**	**-**	1,855.6	-
	2,373.7	**1,095.2**	2,169.3	1,413.0

(i) Eile

Chuaigh BSL i mbun beartaíochta léasaithe, agus dá gcríochnódh sí luath d'fhéadfadh BSL a bheith neamhchosanta ar uas-ghlanchaillteanas measta reatha €0.1m i dtéarmaí luacha reatha (2003: €5.7m). Níl aon soláthar déanta sna Ráitis Airgeadais don mhéid sin mar gur dóigh leis an mBord gur ar éigin a tharlódh caillteanas dá leithéid.

Ar an 31 Nollaig 2004, ní raibh aon réamhchonarthaí malartán eachtrach breosla socair (2003: Gan aon cheann socair).

Cuid de Mhaoiniú fadtéarmach an Ghrúpa iad na féichiúnaithe agus na creidiúnaithe fadtéarmacha €17.1m (2003: €23.4m) agus €51.7m (2003: €101.1m) faoi seach.

15 › Creidiúnaithe Eile

	GRÚPA		MÁTHAIRCHUIDEACHTA	
	2004	**2003**	**2004**	**2003**
Creidiúnaithe dlite laistigh d'aon bhliain amháin:	**€ '000**	**€ '000**	**€ '000**	**€ '000**
Íocaíochtaí dul chun cinn ar obair idir lámha	**34,812**	32,919	**34,812**	32,919
Creidiúnaithe trádála	**202,579**	229,782	**182,397**	202,951
Creidiúnaithe eile	**66,377**	20,169	**59,821**	14,812
Cánacha fostaíochta	**12,527**	11,170	**11,557**	10,318
Cáin Bhreisluacha	**-**	-	**3**	-
Díbhinní	**77,413**	67,118	**77,413**	67,118
Fabhruithe	**224,384**	160,070	**133,114**	108,697
Méideanna dlite do ghnóthais fochuideachtaí	**-**	-	**133,241**	73,452
Ús fabhraithe ar iasachtaí	**15,197**	12,772	**14,139**	12,472
Cáin chorparáide	**22,179**	34,009	**24,396**	32,404
	655,468	568,009	**670,893**	555,143
Creidiúnaithe dlite faoi cheann breis is bliain amháin	**51,703**	101,139	**23,851**	70,087

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

16 › Ioncam Iarchurtha

	2004	2003
AN GRÚPA	**€ '000**	€ '000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2004	**155,805**	95,368
Infhaighte	**106,425**	78,359
Aistrithe go dtí an cuntas brabúis agus caillteanais	**(7,331)**	(4,876)
Fabhtú Sócmhainne (Nóta 8)	**-**	(13,046)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2004	**254,899**	155,805
AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA		
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2004	**154,423**	85,038
Infhaighte	**106,005**	73,897
Aistrithe go dtí an cuntas brabúis agus caillteanais	**(7,216)**	(4,512)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2004	**253,212**	154,423

Taifeadtar ranníocaíochtaí soláthair neamh-inaisíoctha agus deontais chaipitiúla faighte ina n-ioncam iarchurtha agus scaoiltear leis an gcuntas brabúis agus caillteanais iad ar bhonn atá comhsheasmhach le polasaí dímheasa na sócmhainní ábhartha.

Meastar go scaoilfear ioncam iarchurtha €11m leis an gcuntas brabúis agus caillteanais i 2005, de réir an pholasaí chuntasaíochta i leith ioncaim iarchurtha.

17 › Soláthairtí in Aghaidh Dliteanas agus Muirear

	Cáin Iarchuartha	Dúnadh Stáisiún Ghiniúna	Costais Athstruchtúraithe	2004 Iomlán	2003 Iomlán
AN GRÚPA	**€ '000**	**€ '000**	**€ '000**	**€ '000**	€ '000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2004	**249,975**	**298,667**	**338,767**	**887,409**	929,558
Aistriú ón gcuntas brabúis & caillteanais					
› Méadú ar an soláthar in aghaidh dúnadh stáisiún	**-**	**-**	**-**	**-**	1,300
› Muirear maoinithe (nóta 3)	**-**	**16,600**	**15,886**	**32,486**	33,119
› Muirear cánach iarchurtha don bhliain	**26,071**	**-**	**-**	**26,071**	18,774
A úsáideadh i gcaitheamh na bliana.	**-**	**(19,027)**	**(87,217)**	**(106,244)**	(95,342)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2004	**276,046**	**296,240**	**267,436**	**839,722**	887,409

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

17 Soláthairtí in Aghaidh Dliteanas agus Muirear (ar lean)

Cánachas Iarchurtha

	2004	2003
AN GRÚPA	**€ '000**	€ '000
Liúntais Chaipitil sa farasbarr dímheas	**289,468**	264,222
Difríochtaí uainithe ag eascair as soláthair	**(13,422)**	(14,247)
	276,046	249,975

Aithnítear cánachas iarchurtha ar na difríochtaí uainithe uile a thionscain ach nár aisiompaigh faoi dháta an chláir chomhardaithe. Baineann na difríochtaí uainithe sin le beartaíochtaí a taifeadadh ar chlár comhardaithe na bliana reatha arb é an toradh atá leo, dualgas breise a íoc nó ceart chun níos lú cánach a íoc sa todhchaí. Níor dearnadh lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais an chánachais iarchurtha.

Is é €836.7m (2003: €889.4m) an soláthair in aghaidh dliteanas agus muirear do 2004 i gcás na Máthairchuideachta. Tagraíonn an nóta thuas, seachas cánachas iarchurtha, don Ghrúpa agus don Mháthairchuideachta araon. Muirear €21m a bhí ann do chánachas iarchurtha sa Mháthairchuideachta in 2004 (2003: €20.8m) agus is é €273m (2003: €252m)an iarmhéid ag deireadh na bliana.

An Soláthar in aghaidh Dúnadh Stáisiúin Ghiniúna

An soláthar €296.2m ar an 31 Nollaig 2004 (2003: €298.7m) in aghaidh dúnadh stáisiún, seasann sé do luach láithreach an mheastacháin reatha ar chostais dúnta stáisiún ginte atá i ndeireadh a saolré eacnamaíche úsáidí. Tá dátaí ionchais suas le 2020 ann do dhúnadh formhór na stáisiún ginte. Ós rud é gur ar bhonn lascainithe a fhoráiltear na costais, tá muirear maoinithe san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais agus cuirtear leis an soláthar é gach bliain. Athscrúdaíodh an Soláthar in aghaidh Dúnadh Stáisiún agus rinneadh an dliteanas a athláireamh de réir na ndátaí ionchais reatha do dhúnadh stáisiún.

Áirítear sna costais dúnta, costais na díchóimeála fisicí agus costais a ghabhann le foireann na stáisiún a scor i ndiaidh a ndúnta.

Soláthar in aghaidh athstruchtúrú

Ag éirí as comhaontú Tríthaobhach idir Bord BSL, Grúpa na gCeardchumann agus an Rialtas, cuireadh tús in 2000 le cainteanna faoi chlár athstruchtúraithe gnó eile a fheidhmiú. An tionscnamh sin, a bhfuil a chuid téarmaí scoir faofa ag an Rialtas agus ag Bord BSL, cuimsíonn sé roinnt clár athruithe bunúsacha ar fud BSL le hathrú suntasach a chur ar struchtúir, cleachtais oibre agus acmhainn iomaíochta an Ghrúpa. Léiríonn an soláthar in aghaidh costas athstruchtúraithe na dliteanais scoir dheonacha faoi na pleananna athstruchtúraithe. Tarlóidh na fágálacha sin faoi dheireadh 2005 agus scaoilfear formhór na ndliteanas faoi 2017.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

18 Stoc Caipitiúil

AN GRÚPA & AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA	2004 € '000	2003 € '000
Stoc Caipitiúil	**1,979,882**	1,979,882
Atá comhdhéanta de:		
Stoc a eisíodh ó chúlchistí comhshóite	**1,880,888**	1,880,888
Stoc a eisíodh lena suibscríobh ag ESOT	**98,994**	98,994
	1,979,882	1,979,882

Tá 1,979,881,856 aonad de stoc caipitiúil eisithe ar luach €1 an ceann.

De réir an Achta Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2001, is amhlaidh a comhshódh caipiteal agus cúlchistí BSL ina stoc caipitiúil ar an 30 Nollaig 2001, agus a eisíodh don Roinn Airgeadais iad. Ag an am céanna, shuibscríobh BSL ESOP Trustee Limited, a bunaíodh le gníomhú mar Iontaobhaí do scéim scairshealbhóra fostaithe BSL, shuibscríobh siad le haghaidh 5% den stoc..

Ar na príomhchearta a bhí ag gabháil le gach aonad stoic chaipitiúil bhí ceart vóta a chaitheamh ag cruinnithe bliantúla, teidlíochtaí ar Dhíbhinní ó bhrabúis aon uair a dearbhaíodh a leithéid agus cearta ar rannpháirtíocht chomhréireach i mbarrachas ar fhoirceannadh.

19 Cúlchiste Fiachmhúchta d'Aisíoc Iasachtaí

AN GRÚPA & AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA	2004 € '000	2003 € '000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2004	**2,373**	2,128
Leithghabháil i gcomhair aisíoc iasachtaí	**314**	245
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2004	**2,687**	2,373
Arna léiriú mar:		
Infheistíochtaí an chiste fiachmhúchta (Nóta 9)	**2,687**	2,373

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

20 Cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Cúlchistí Eile

	Cuntas Brabúis & Caillteanais € '000	Cúlchistí Eile € '000	2004 Iomlán € '000	2003 Iomlán € '000
(a) AN GRÚPA				
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2004	**306,567**	**9,198**	**315,765**	138,078
Brabús coinnithe sa bhliain	**189,425**	-	**189,425**	181,324
Difríochtaí aistriúcháin ar chomhdhlúthú fochuideachtaí coigríche	-	**(865)**	**(865)**	(3,637)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2004	**495,992**	**8,333**	**504,325**	315,765
Tá na culchistí eile comhdhéanta go príomha de ghluaiseachtaí malairte eachtraí ar chomhshó fochuideachtaí coigríche				
(b) AN MHÁTHAIRCHUIDEACHTA	**481,245**	**-**	**481,245**	288,550

Tháinig an brabús coinnithe i gcuntais na máthairchuideachta do 2004 go dtí €192.7m (2003: €205.8m).

21 Leas Mionlaigh

	2004 €'000	2003 €'000
Cothromas leasa mionlaigh:		
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2004	**566**	567
An cuntas brabúis agus caillteanais	**112**	(1)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2004	**678**	566

Na leasa mionlaigh i ndeireadh 2004, baineann siad leis na scairshealbha mionlaigh in Crockahenny Wind Farm Limited agus Hibernian Hydro Limited.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

22 › Ráiteas Sreabhadh Airgid Thirim

	2004 € '000	2003 € '000
(a) Réiteach an bharrachais oibriúcháin leis an nglan-insreabhadh airgid isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Brabús oibriúcháin	**362,852**	325,602
Dímheas	**295,933**	286,455
Úsáid an tsoláthair i gcomhair dliteanas agus muirear	**(106,244)**	(95,342)
Méadú ar an soláthar in aghaidh dliteanas agus muirear	**-**	1,300
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe	**725**	2,766
(Brabús) ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe	**(25,059)**	(10,312)
Caillteanas ar dhiúscairt infheistíochtaí i sócmhainní seasta airgeadais	**-**	463
Amúchadh ioncaim iarchurtha	**(7,331)**	(4,876)
Amúchadh cáilmheasa	**1,648**	15,170
Difríochtaí aistriúcháin	**576**	1,391
(Méadú) ar fhéichiúnaithe	**(58,617)**	(25,127)
(Méadú) ar stoic	**(7,710)**	(964)
Méadú ar chreidiúnaithe	**27,216**	1,606
Soláthar in aghaidh fabhtú sócmhainní seasta	**1,046**	32,599
Glan-insreabhadh airgid isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	**485,035**	530,731

(b) Réiteach an ghlan-insreabhadh airgid isteach leis an ngluaiseacht i nglanfhiachas	2004 € '000	2003 € '000
(Laghdú) / Méadú ar an airgead tirim sa bhliain	**(54,303)**	18,451
Aisíoc iasachtaí	**67,643**	334,262
Iasachtaí nua sa bhliain	**(282,900)**	(1,494,000)
An ghné chaipitiúil d'íocaíochtaí léasa airgeadais	**10,838**	13,285
(Insreabhadh) airgid thirim de bharr athrú ar mhaoiniú fiachais agus léasa	**(204,419)**	(1,146,453)
Athrú glan ar thaiscí bainc an chiste fiachmhúchta	**314**	245
Athrú glan ar thaiscí bainc eile	**(438,362)**	426,679
(Eisreabhadh)/ insreabhadh airgid ó laghdú ar acmhainní leachtacha	**(438,048)**	426,924
Athrú ar an nglanfhiachas de thoradh sreafaí airgid	**(696,770)**	(701,078)
Difríochtaí malairte	**996**	879
Gluaiseacht sa ghlanfhiachas don bhliain	**(695,774)**	(700,199)
Glanfhiachas ar an 1 Eanáir 2004	**(1,600,433)**	(900,234)
Glanfhiachas ar an 31 Nollaig 2004	**(2,296,207)**	(1,600,433)

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

22 Ráiteas Sreabhadh Airgid Thirim (ar lean)

(c) Anailís ar athruithe ar an nglanfhiachas

	An 1ú Eanáir 2004 € '000	Sreabhadh Airgid € '000	Gluaiseachtaí Malartaithe € '000	An 31 Nollaig 2004 € '000
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh (féach thíos)	94,887	(54,303)	-	**40,584**
Iasachtaí	(2,022,668)	(215,257)	61	**(2,237,864)**
Léasa airgeadais	(146,646)	10,838	-	**(135,808)**
	(2,169,314)	(204,419)	61	**(2,373,672)**
Taiscí eile bainc (féach thíos)	471,621	(438,362)	935	**34,194**
Taiscí bainc an chiste fhiachmhúchta & infheistíochtaí eile	2,373	314	-	**2,687**
	473,994	(438,048)	935	**36,880**
Iomlán	**(1,600,433)**	**(696,770)**	**996**	**(2,296,207)**
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	94,887			**40,584**
Taiscí eile bainc	471,621			**34,194**
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh de réir an chláir chomhardaithe	566,508			**74,778**

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

23 Pinsin

(a) SSAP 24 CUNTASAÍOCHT DO CHOSTAIS PHINSIN

Lean an grúpa de bheith ag cuntas i gcomhair pinsean de réir SSAP 24. €40.4m (2003: €39.6m) muirear pinsin an Ghrúpa don bhliain, bunaithe ar na rátaí ranníocaíochta reatha faoi mar a mhol na hachtúirí.

Scéim Phinsin Fostóirí Ginearálta BSL

Déantar pinsin d'fhostaithe i ngnó an leictreachais a chistiú trí scéim neamhspleách sochair sainithe, ar a dtugtar an ESB General Employees' Superannuation Scheme. Tá an ciste dílsithe in iontaobhaithe ainmnithe ag BSL agus a chuid ball chun sochair aonair fostaithe agus a gcuid cleithiúnaithe.

Cé go gcuirtear síos sách mion sna rialacháin faoi Scéim Phinsean BSL ar na sochair atá le cur ar fáil, is amhlaidh a leagann siad síos na ranníocaíochtaí atá le híoc ag BSL agus ag na baill ranníocaíochta araon freisin. Níl an méid sin ag teacht le gnáth-chur chuige sochair sainithe an "iarmhéid chostais". Rud eile, go stairiúil bhí ranníocaíochtaí BSL agus na mball araon seasta ar feadh tréimhsí fada, faoi na rialacháin. Léiríonn an méid sin nach sampla tipiciúil den chur chuige sochair sainithe é Scéim Phinsean BSL.

Leagann rialacháin na scéime síos na céimeanna le glacadh má tharlaíonn easnamh nó barrachas. Más easnamh a dhearbhaítear, caithfidh BSL dul i gcomhairle leis an gCoiste Pinsean, le hIontaobhaithe na scéime agus le hAchtúire na scéime féachaint an gá an scéim a leasú. Níl tada sna rialacháin ar an gcineál leasú a bheadh i gceist. I gcás barrachais, tá sé le cur go leataobh i gcúlchiste, agus /nó a úsáid chun laghdú ar ranníocaíochtaí na mball agus BSL, agus/nó na sochair a fheabhsú

Cé nach sampla tipiciúil de scéim sochair sainithe é, mar sin féin is léir ó nádúr agus stair na scéime go m'fhéidir go bhfuil dualgas inchiallaithe ann na sochair a chur ar fáil agus ar an ábhar sin táthar tar éis an scéim a áireamh, faoi mar a rinneadh an bhliain roimhe, ina scéim sochair sainithe chun críocha faisnéisiú faoi FRS 17 thíos.

Luacháil Achtúireach

Meastar costais phinsin na scéime de réir chomhairle achtúirí neamhspleácha a fhaightear ar eatraimh trí bliana. I láthair na huaire tá na hAchtúirí ag críochnú luachála achtúirí de réir an 31 Nollaig 2003.

Rinneadh an luacháil roimhe sin ar an scéim ar an 31 Nollaig 2000, agus modh na haoise sroichte. Ba é an príomhbhonn tuisceana achtúireach, go mbeadh an ráta bliantúil toraidh ar infheistíochtaí 3% níos airde ná an méadú bliantúil ar an luach saothair inphinsin agus pinsin a bhíothas á n-íoc san fhadtéarma. Ar dháta na luachála sin, ba é luach margaidh sócmhainní na scéime, ag cur luach ranníocaíochtaí sa todhchaí san áireamh, ná €3,311m agus ba é luacháil actúireacht na ndliteanas fabhraithe, ag cur méadaithe ionchais ar thuillimh agus pinsin san áireamh, ná €3,822m. Mar sin sháraigh dliteanais na scéime luach na sócmhainní le €511m.

Tá tuairisc na nAchctúirí ar fáil do bhaill na scéime amháin lena hiniúchadh, agus níl fáil air i gcomhair iniúchadh poiblí.

Scéim Phinsean Fochuideachtaí BSL

Feidhmíonn BSL scéim ranníocaíochtaí sainithe faofa freisin, ar a dtugtar BSL Subsidiary Companies Pension Scheme, i gcomhair fostaithe fochuideachtaí BSL. An ball agus an fostóir a íocann na ranníocaíochtaí, ar rátaí seasta. Na sochair atá curtha faoi urrús in aois scoir, is léiriú iad ar chiste carntha gach fostaí ar leith agus costas sochair a cheannach ag an am sin. Déantar sochair bháis a árachú ar bhonn grúpa agus iad iníoctha i bhfoirm cnapshuim é agus/nó pinsin marthanóra. Coinnítear sócmhainní na scéime i gciste iontaobhaí-riartha ar leith. Léiriú ar ranníocaíocht shainithe an fhostóra é an muirear pinsin don bhliain, agus b'ionann é agus € 2.08m (2003:€1.8m).

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

23 Pinsin (ar lean)

(b) SOCHAIR SCOIR FRS 17

Tá na faisnéisithe céimnithe idirthréimhseacha a éilíonn Sochair Scoir FRS 17 cuimsithe thíos.

An luacháil ar an scéim atá déanta chun críocha faisnéisiú FRS 17, tá sí bunaithe ar an luacháil actúireacht is déanaí thuasluaite. Tá an luacháil seo tugtha suas chun dáta ag achtúirí neamhspleácha le héilimh FRS 17 a chur san áireamh chun dliteanais na scéime a mheas ar dháta an chláir chomhardaithe. Tugtar sócmhainní na scéime de réir a luacha margaidh dáta an chláir chomhardaithe. Modh an aonaid réamh-mheasta a bhí in úsáid don luacháil.

Dá gcuirtí an t-easnamh nó an barrachas iarmhartach, nó cuid de, san áireamh i nglansócmhainní nó i dtuillimh choinnithe an Ghrúpa, dhéanfaí glansócmhainní nó tuillimh choinnithe an Ghrúpa a mhéadú nó a lagdú dá réir.

Boinn tuisceana

Boinn tuisceana Airgeadais

Is iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana atá in úsáid ag an Achtúire le haghaidh dliteanais na scéime faoi FRS 17 a áireamh:

	2004 %	2003 %	2002 %
An ráta úis a chuirtear i bhfeidhm ar dhliteanais lascainithe	**4.75**	5.50	5.75
Boilsciú praghais	**2.00**	2.25	2.25
Ráta méadaithe tuarastal	**3.00**	3.50	3.50
Ráta méadaithe pinsean á n-íoc	**3.00**	3.50	3.50

Sócmhainní na Scéime

Tá na rátaí aischuir ionchais fadtéarmacha ar an 31 Nollaig 2004, 2003 agus 2002 tugtha thíos:

	2004 %	2003 %	2002 %
An ráta aischuir ar infheistíochtaí cothromais	**7.50**	8.00	8.25
An ráta aischuir ar infheistíochtaí bannaí	**4.00**	4.75	4.75
An ráta aischuir ar infheistíochtaí eile	**6.00**	5.75	5.75

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

23 Pinsin (ar lean)

Sócmhainní sa Scéim ar an 31 Nollaig 2004, 2003 agus 2002

	2004	2003	2002
	€ '000	€ '000	€ '000
Cothromais	**2,081,153**	1,921,002	1,554,443
Bannaí	**254,892**	243,937	257,953
Eile	**464,969**	376,069	430,668
	2,801,014	2,541,008	2,243,064
Luach achtúireach dliteanais na scéime	**(4,151,765)**	(3,608,805)	(3,147,997)
Easnamh	**(1,350,751)**	(1,067,797)	(904,933)
Cáin iarchurtha ghaolmhar	**168,844**	133,475	113,117
Glandliteanas pinsin	**1,181,907**	(934,322)	(791,816)

Anailís ar an méid a chuirfí de mhuirear ar an mbrabús oibriúcháin i 2004 faoi FRS 17

Tionchar ar Bhrabús Oibriúcháin an Ghrúpa	2004	2003
	€ '000	€ '000
Costas seirbhíse reatha	**47,405**	40,631
Costas seirbhíse caite	**-**	-
Muirear Oibriúcháin Iomlán	**47,405**	40,631

Anailís ar an méid a chuirfí chun sochair ioncaim airgeadais eile i 2004 faoi FRS 17

Tionchar ar Ioncaim Airgeadais Eile	2004	2003
	€ '000	€ '000
Aischur Ionchais ar shócmhainní na scéime pinsin	**186,139**	165,776
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin	**(196,681)**	(179,826)
Glan-Aischur	**(10,542)**	(14,050)
Glan-tionchar Iomlán ar Bhrabús Tuairiscthe	**57,947**	**54,681**

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

23 Pinsin (ar lean)

Anailís ar an méid a d'aithneofaí i ráiteas na mbrabús agus na gcaillteanas iomlán (STRGL) faoi FRS 17

	2004 € '000	2003 € '000
Aischur iarbhír lúide aischur ionchais ar shócmhainní na scéime pinsin	**94,322**	145,111
Taithí ar bhrabúis agus caillteanais a éiríonn as dliteanais na scéime	**(147,432)**	(211,054)
Athruithe ar bhoinn tuisceana déimeagrafacha agus airgeadais	**(264,423)**	(132,083)
Caillteanas achtúireach a d'aithneofaí i STRGL	**(317,533)**	(198,026)

Gluaiseacht san easnamh i gcaitheamh na bliana

	2004 € '000	2003 € '000
Easnamh sa scéim i dtús na bliana	**(1,067, 797)**	(904,933)
Gluaiseacht sa bhliain:		
Costas seirbhíse reatha	**(47,405)**	(40,631)
Ranníocaíochtaí	**92,526**	89,843
Costais seirbhíse caite	**-**	-
Ioncam eile airgeadais	**(10,542)**	(14,050)
Caillteanas Achtúireach	**(317,533)**	(198,026)
Easnamh	**(1,350,751)**	(1,067,797)

Stair na dTaithí Gnóthachain/ Caillteanais

	2004	2003	2002
Táithí gnóthachain agus caillteanais sócmhainní na scéime:			
Méideanna (€' 000)	**94,322**	145,111	(641,683)
% de luach an mhargaidh de shócmhainní na scéime	**3%**	6%	(29%)
Táithí gnóthachain agus caillteanais dhliteanais na scéime:			
Méideanna (€' 000)	**(147,432)**	(211,054)	(104,546)
% de luach reatha dhliteanais na scéime	**4%**	6%	3%
Méid iomlán aithnithe ag an STRGL			
Méideanna (€' 000)	**(317,533)**	(198,026)	(846,474)
% de luach reatha dhliteanais na scéime	**8%**	5%	27%

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

24 Ceangaltais agus Teagmhais

(a) Dualgais léasa oibriúcháin

Is maidir le léasanna dul in éag atá cíosanna léasa iníoctha laistigh de bhliain amháin ó dháta an chláir chomhardaithe	2004 € '000	2003 € '000
Laistigh de bhliain amháin	**26**	55
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	**1,672**	2,486
I ndiaidh cúig bliana	**7,108**	7,382
Iomlán iníoctha laistigh de bhliain amháin	**8,806**	**9,923**

(b) Ceangaltais chaipitiúla

	2004 € '000	2003 € '000
A conraíodh	**439,453**	310,962
A údaraíodh ach nár chonraíodh	**917,500**	583,549
	1,356,953	894,511

(c) Ceangaltais Chonarthaí Breosla

Tá roinnt socruithe fadtéarmacha soláthair gáis ann do thréimhsí difriúla suas go 2014. Forálann na socruithe sin athruithe praghsála de réir athruithe i dtáscairí insuite sa mhargadh d'fhuinneamh.

25 Bearta le Páirtithe Gaolmhara

Comhlachtaí leath-Stáit

Dála aonán eile, déanann BSL gnó sa ghnáthshlí le comhlachtaí státurraithe eile ar nós Bord Gáis agus Bord na Móna. Déantar comhaontuithe fadtréimhseacha a shocrú idir BSL agus Bord na Móna maidir le móin a cheannach do na stáisiúin lár tíre.

Leasa Chomhaltaí an Bhoird

Seachas na leithdháiltí a aontaíodh faoi ESOP, ní raibh leas tairbhiúil ar bith ag Comhaltaí an Bhoird in BSL ná a chuid fochuideachtaí ag am ar bith i gcaitheamh na bliana.

Bearta fochuideachtaí

Le linn na bliana dár críoch 31 Nollaig 2004, cheannaigh Máthairchuideachta BSL €78.9m (2003: €62.3m) óna chuid fochuideachtaí. Baineann an ceannach sin le seirbhísí innealtóireachta agus comhairligh, ó na gnónna leictreachais den chuid is mó.

Dhíol Máthairchuideachta BSL €96.1m (2003: €55.7m) le fochuideachtaí i gcaitheamh na bliana. Le seirbhísí bainistíochta is mó a bhaineann na díolacháin sin, agus le muirir leictreachais ar nós muirir d'Úsáid an Chórais , agus le díolacháin leictreachais.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

25 Bearta le Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

Bearta comhlachais
Ní dheachaigh BSL i mbun aon bhearta lena chuid gnóthas comhlachais i gcaitheamh na bliana. I 2003 b'fhiú €1.4m na conarthaí do sholáthar seirbhísí le America & Carribean Power

Comhfhiontair
Sholáthair an Grúpa seirbhísí dá chomhfhiontair, Synergen agus Corby Power Ltd i gcaitheamh na bliana. Sholáthair BSL seirbhísí do Synergen arbh fhiú €31.1m (2003: €7.5m) iad agus bhí caipiteal iomlán de €108.3m (2003: €134.3m) tugtha acu don phairtnéireacht, caipiteal a maoiníodh trí iasachtaí tríú páirtí. Thit an méid caipitil a cuireadh ar aghaidh i gcaitheamh 2004 de bharr díbhinní a fuarthas ó Synergen. Rinne Synergen díolacháin arbh fhiú €81.0m (2003: €79.8m) iad leis an nGrúpa. Soláthraíodh seirbhísí arbh fhiú €4.8m (2003: €5.14m) iad do Corby Power Ltd.

26 BSL ESOP TRUSTEE LIMITED

D'fhéach BSL le ESB ESOP Trustee Limited a chorprú i gcaitheamh 2001, le hinfheistíocht €1, mar iontaobhaí leis an ESB Employee Ownership Trust (ESOT) agus BSL Approved Profit Sharing Scheme (APSS). Faoi théarmaí chruthú BSL ESOP Trustee Limited, níl ar chumas BSL ná de cheart aige smacht a chur i bhfeidhm ar shócmhainní ná bainistíocht na cuideachta. Iontaobhaí proifisiúnta neamhspleách atá ina chathaoirleach ar an gcuideachta iontaobhais, mar aon le ceathrar stiúrthóirí thar ceann fostaithe BSL agus beirt stiúrthóirí thar ceann na Cuideachta. Dá réir sin tá sriantaí diana ann a chuireann bac suntasach ar fheidhmiú cearta BSL ar shócmhainní agus bainistíocht na cuideachta. De réir FRS 2 "Accounting for Subsidiary Undertakings", ní dhéantar na cuntais do ESB ESOP Trustee a chomhdhlúthú le torthaí Ghrúpa BSL.

27 Tarlúintí I nDiaidh an Chláir Chomhardaithe

Níor tharla aon ní idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta a rinne stiúrthóirí an bhoird na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh, a d'éileodh coigeartú ar na cuntais ná faisnéisithe breise.

28 Faomhadh na gCuntas

Rinne an Bord na cuntais a fhaomhadh ar an 28 Meitheamh 2005.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

29 › Gnóthais Fhochuideachtaí, Comhfhiontair & Comhlachaithe

Ainm na cuideachta	Oifig chláraithe	Scair ghrúpa %	Cinéal Gnó
Gnóthais Fhochuideachta			
ESB International Ltd	*	100	Cuideachta Shealbhaíochta
ESBI Engineering and Facility Management Ltd	*	100	Innealtóireacht
ESBI Engineering Overseas Ltd	*	100	Innealtóireacht
ESBI Contracting Ltd	*	100	Conarthach
ESBI Consultants Ltd	*	100	Comhairleoireacht
ESBI Computing Ltd	*	100	Seirbhísí Ríomhaire
ESB Ireland Holdings Ltd	*	100	Cuideachta Shealbhaíochta
ESBII Technology and Construction Ltd	*	100	Giniúint Cumhachta
FinancElectric Ltd	*	100	Creidmheas custaiméirí
ESB International Investments Ltd	*	100	Infheistíochtaí Idirnáisiúnta
ESBI Facility Management Ltd	*	100	Bainistíocht Saoráide
Salmara Holdings Ltd	*	100	Cuideachta Shealbhaíochta
ESB Independent Energy Ltd	*	100	Díolacháin Leictreachais
ESB Contracts Ltd	**	100	Conarthach
ESB Power Generation Holding Company Ltd	**	100	Cuideachta Shealbhaíochta
Ballyragget Power Ltd	**	100	Tionscadail Chumhachta
Gort Windfarms Ltd	**	100	Feirm Gaoithe
Crockahenny Wind Farm Ltd	**	75	Feirm Gaoithe
Hibernian Hydro Ltd	**	95	Tionscadail Bheaga Hydro

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

29 › Gnóthais Fhochuideachtaí, Comhfhiontair & Comhlachaithe (ar lean)

Ainm na cuideachta	Oifig chláraithe	Scair ghrúpa %	Cinéal Gnó
Gnóthais Fhochuideachta			
Dublin Bay Power Ltd	**	100	Cuideachta Shealbhaíochta
Tawnawully Power Ltd	**	100	Giniúint Chumhachta
Utilities O&M Services Ltd	**	100	Seirbhís Cothabhála & Oibríochta
Hibernian Wind Power Ltd	**	100	Cumhacht Gaoithe
ESB Independent Energy NI Ltd	**	100	Díolacháin Leictreachais
ESB Retail Ltd	**	100	Miondíol fearais leictreachas
ESB Telecoms Ltd	**	100	Teileachumarsáid
Bizkaia Energia SL	****	100	Giniúint Chumhachta
Facility Management Espana SL	****	100	Bainistíocht Saoráide
ESBI Engineering UK Ltd	*****	100	Comhairleoireacht Ghinearálta agus Inealltóireacht
Electricity Supply Board Services B.V.	Wisma Cyclecarri 288 Jalan Raja Laut 50350 Kuala Lumpur Malaysia	100	Bainistíocht Saoráide
ESBI US Transmission Inc.	2800 Post Oak Road Houston Texas, 77056	100	Cuideachta Shealbhaíochta
Electricity Supply Board International Investments B.V,	Strawinskylaan 3105 7th Floor 1077 ZX Amsterdam The Netherlands	100	Cuideachta Shealbhaíochta
Coolkeeragh ESB Ltd	2 Electra Road Maydown Derry BT47 6 UL	84	Giniúint Chumhachta

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

29 › Gnóthais Fhochuideachtaí, Comhfhiontair & Comhlachaithe (ar lean)

Ainm na cuideachta	Oifig chláraithe	Scair ghrúpa %	Cinéal Gnó
Gnóthais Fhochuideachta			
ESBII UK Ltd	******	100	Giniúint Chumhachta
ESBI Luxembourg SA.	121 Avenue de la Faiencerie L.1511 Luxembourg	100	Cuideachta Shealbhaíochta
Power Generation Technology Snd Bhd	Wisma Cyclecarri 288 Jalan Raja Laut 50350 Kuala Lumpur Malaysia.	100	Giniúint Chumhachta
Facility Management UK Ltd	******	100	Bainistíocht Saoráide
ESBI Georgia Ltd	39 Gamsakhurdia Ave Suite 42 Tbilisi Georgia	100	Bainistíocht Tarchuir
Marchwood Power Ltd	******	100	Giniúint Chumhachta
Marchwood Power Development Ltd	******	100	Giniúint Chumhachta
Menloe Two Ltd	**	100	Léasáil airgeadais
Menloe Investments Ltd	**	100	Léasáil airgeadais
Foghnóthas neamhrialaithe			
ESB ESOP Trustee Ltd	43 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2	100	Scéim Scarsheilbh Foirne
Gnóthais chomlachais			
Transpower Ltd	*	50	Forbairt ar Thionscadail Chumhachta Neamhspleácha

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

29 Gnóthais Fhochuideachtaí, Comhfhiontair & Comhlachaithe (ar lean)

Ainm na cuideachta	Oifig chláraithe	Scair ghrúpa %	Cinéal Gnó
Gnóthais Fhochuideachta			
CPL Operations Ltd	***	50	Bainistíocht Saoráide
Saur Utilities Ltd.	16 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2	49	Cóiriú uisce agus séarachais
Coolkeeragh Group Ltd	2 Electra Road Maydown Derry BT47 6 UL	40	Giniúint Chumhachta
Gnóthais chomhfhiontair			
Irish Power Systems Ltd	**	50	Giniúint Chumhachta
Corby Power Ltd	***	50	Giniúint Chumhachta
Synergen	Bóthar na Bhruaich Theas An Rinn Baile Átha Cliath 4	70 (Nóta 1)	Giniúint Chumhachta
Infheistíochtaí			
Rousch (Pakistan) Power Ltd	94-W, 3rd Floor Admir Plaza Jinnah Ave. Blue Area Islamabad Pakistan	7	Táirgeoir Cumhachta Neamhspleách

Notaí 1: É á chuntas mar Chomhfhiontar de bharr téarmaí an ghníomhais Chomhpháirtíochta

* Cúirt Stiabhna
18-21 Faiche Stiabhna
Dublin 2.

** 27 Sráid Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2

*** Mitchell Road
Phoenix Parkway
Corby
Northamptonshire
N17 1Q7

**** Iparraguirre 29
2a Planta
48011 Bilbao
Spain

***** 122 London Road
Kingston on Thames
Surrey
KT2 26QJ

******165 Queen Victoria Street
London
EC4V 4DD